LIMERICK CITY COUNCIL
COMHAIRLE CATHRACH LUIMNIGH

# ANNUAL REPORT
# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
# 2006

Celebrating our sporting success

Heineken Cup Final 2006

ICDS

LIMERICK CITY COUNCIL
COMHAIRLE CATHRACH LUIMNIGH

# CONTENTS
# CLÁR NA NÁBHAR


| | |
|---|---|
| Message from the Mayor Limerick City | 2 |
| Message from our City Manager | 4 |
| Members of Limerick City Council | 18 |
| Corporate Services | 20 |
| Social & Affordable Housing | 30 |
| Transport & Infrastructure | 34 |
| Environmental Awareness | 40 |
| Policy Development & Future Planning | 44 |
| Fire & Rescue Service | 46 |
| Arts & Culture | 50 |
| Community & Enterprise | 60 |
| Recreation & Sport | 64 |
| Strategic Policy Committees | 66 |
| Service Indicators | 70 |
| Property Management | 78 |
| Financial Statement | 80 |
| Personnel Retirements | 84 |

# MESSAGE FROM THE MAYOR

## COUNCILLOR JOE LEDDIN

**2006 proved to be another remarkable year in the city's continued development and growth. The confidence that investors and developers have in our city was clearly evident with significant mixed developments taking place right around the city.**

The confidence that investors and developers have in our city was clearly evident with significant mixed developments taking place right around the city. Seven new hotels were either under construction or opened during the year bringing another 1500 bed spaces to the city to cater for increased visitors. Our financial situation continues to improve and I was delighted as Mayor, on behalf of the elected members of the Council, the Management and Staff, to accept an award from Chambers of Commerce Ireland for reducing our commercial rates. The reduction of a complete 1% in the commercial rate represents the biggest reduction ever and the second year in a row that our rate has been reduced.

The continued pedestrianisation of the city centre by replacing traffic from our streets with high quality street surfaces, trees and street furniture is contributing to the visual enhancement of the city centre. Businesses, retail owners and the wider public have welcomed the pedestrianisation project and the most exciting phase is about to start with sections of O'Connell Street from William Street to Roches Street scheduled for work. The city centre is the undisputed heart of the wider region and current and planned projects will ensure that those who come into the city will have a pleasurable experience.

As Mayor, I was delighted to participate in the establishment of a city centre working group who meet regularly to discuss how we can collectively contribute to ensuring our city continues to develop in terms of its attractiveness. Our annual festivals, such as Springfest and Riverfest, continue to attract thousands of people into our city from all over the country and this year's Christmas lights were certainly the brightest and biggest display the city has ever witnessed.

The substantial regeneration taking place in the city also brought attention on the Docklands area. I am confident that through the consultative forum now in operation that the redevelopment of the Docklands area will contribute significantly to the sustainable growth of the city. There are exciting new projects being discussed presently which will also enhance Limerick's reputation as Europe's latest riverside city. The vision and determination by both the elected members of the Council and management will ensure that the best days in this ancient city's history are undoubtedly ahead of us.

# TEACHTAIREACHT ÓN MÉARA

## AN COMHAIRLEOIR JOE LEDDIN

**Ba bhliain shuntasach eile i bhforbairt agus fás leanúnach na cathrach í an bhliain 2006. Ba shoiléir an mhuinín atá ag infheisteoirí agus forbróirí inár gcathairne, le forbairtí measctha nach beag ag tarlú ar fud na cathrach.**

Ba shoiléir an mhuinín atá ag infheisteoirí agus forbróirí inár gcathairne, le forbairtí measctha nach beag ag tarlú ar fud na cathrach. Bhíothas i mbun tógála ar sheacht n-óstán nua nó osclaíodh iad i rith na bliana, ag tabhairt 1500 spás leapa go dtí an chathair le freastal ar mhéadú i líon na gcuairteoirí. Leanann ár staid airgeadais ar aghaidh ag feabhsú, agus bhí áthas orm mar Mhéara, ar son ball tofa na Comhairle, an Lucht Bhainistíochta agus na Foirne, glacadh le gradam ó Chumainn Tráchtála na hÉireann as laghdú ár rátaí tráchtála. Tá an laghdú 1% sa ráta tráchtála mar an laghdú is mó riamh agus an dara bliain as a chéile inar laghdaíodh ár ráta.

Tá áirithiú leanúnach lár na cathrach do choisithe trí dhromchlaí sráide ardcháilíochta, crainn agus troscán sráide a chur in ionad an tráchta ag rannchur le hamharcfheabhsú lár na cathrach. D'fháiltigh gnólachtaí, úinéirí miondíola agus an pobal i gcoitinne roimh an tionscadal áirithithe do choisithe, agus tá an chéim is spreagúla ar tí tosú le sceidealadh saothair do chodanna de Shráid Uí Chonaill idir Sráid Liam agus Sráid de Róiste. Is é lár na cathrach croí ceart an réigiúin máguaird, agus cinnteofar leis na tionscadail reatha agus pleanáilte go mbeidh dea-eispéireas acu siúd a thagann isteach sa chathair.

Bhí ríméad orm mar Mhéara bheith rannpháirteach le bunú grúpa oibre do lár na cathrach a bhuaileann le chéile go rialta chun plé a dhéanamh ar an gcaoi inar féidir linn rannchur i gcomhar le chéile lena chinntiú go gcoinneoidh ár gcathair ar aghaidh ag forbairt ó thaobh a tarraingteachta de. Leanann ár bhféilte bliantúla ar aghaidh ag mealladh na mílte daoine chun ár gcathrach ó gach cearn den tír, ar nós Springfest agus Riverfest, agus is cinnte go raibh soilse na Nollag i mbliana ar an léiriúcháin ba ghile agus ba mhó a chonacthas sa chathair riamh anall.

Tugadh aird ar cheantar na nDugaí freisin leis an athghiniúint shubstainteach laistigh den chathair. Tá muinín agam go gcuirfidh athfhorbairt cheantar Dugaí go mór le fás inbhuanaithe na cathrach tríd an bhfóram comhairleach atá ann anois. Táthar ag plé tionscadal nua spreagúil faoi láthair lena bhfeabhsófar clú Luimnigh mar an chathair cois abhann is déanaí de chuid na hEorpa. Is trí fhís agus diongbháilteacht bhaill tofa na Comhairle agus an lucht bhainistíochta araon a chinnteofar gan aon amhras go mbeidh na laethanta is fearr ag an gcathair ársa seo amach romhainn.

# CITY MANAGER'S FOREWORD

TOM MACKEY

**Limerick City is a compact geographical unit but has a wealth of diversity. There is a wide range of retail and business services providing substantial employment in the city centre and these have been enhanced through urban renewal programmes.**

New apartment schemes have helped sustain the population of the city despite the continuous spread of the suburbs. There is a vibrant mix of social, sporting, artistic and cultural offerings in the city for the benefit of residents, visitors, students and the general public. Who can forget the magical spirit created by the large screen in O'Connell Street with Munster victorious in the Heineken Cup and the tremendous homecoming reception, that is without parallel in any other city.

The Council's primary aim is to continually improve the quality of life for all of the above groups and to accelerate investment and development in the city without undue cost increases and especially increases in the rates burden. Good progress was made in our finances in 2006 and I wish to commend the leadership provided by the Mayor and members of the Council and the tremendous work of the staff throughout the year that culminated in the receipt of an award from the Chambers of Commerce of Ireland.

The competitive challenges facing the city are numerous and varied but the principal issues are the pedestrianisation of the city centre, the regeneration of our housing estates, improving the image of the city, developing the riverside to its full potential and delivering on the gateway status. The new National Development Plan is a seminal opportunity and we must optimise the possibilities that it presents. From 2007 we must ensure that the sections of the council are organised to fully avail of the resources that will flow from the new plan.

Finally I want to thank all those individuals and outside agencies who engaged with the council at all levels during 2006. Your participation has undoubtedly strengthened local government in the city and helped us deliver more effectively on our remit. I welcome your continued contribution as we enter an exciting phase in the progress of the city.

# RÉAMHRÁ AN BHAINISTEORA CHATHRACH

**Is aonad dlúth ó thaobh na tíreolaíochta de í Cathair Luimnigh, ach flúirse éagsúlachta bheith inti. Tá réimse leathan seirbhísí gnó agus miondíola ann a sholáthraíonn fostaíocht mhór i lár na cathrach, agus feabhsaíodh iad sin trí chláir athnuachana uirbeacha.**

Chuidigh scéimeanna árasáin nua le cothabháil dhaonra na cathrach in ainneoin leathadh na mbruachbhailte gan staonadh. Tá meascán bríomhar tairiscintí sóisialta, spóirt, ealaíonta agus cultúrtha sa chathair chun tairbhe na n-áitritheoirí, cuairteoirí, mic léinn agus an phobail i gcoitinne. Cén duine ar féidir leo dearmad a dhéanamh ar an meanma draíochtúil a cruthaíodh leis an scáileán mór ar Shráid Uí Chonaill, leis an mbua ag Mumhain i gCorn Heineken agus leis an bhfáiltiú abhaile iontach a fearadh orthu, rud atá gan aon mhacasamhail in aon chathair eile.

Is í príomhaidhm na Comhairle cáilíocht na beatha do gach grúpa thuas a fheabhsú go leanúnach, agus chun infheistíocht agus forbairt sa chathair a luathú gan méaduithe costais mhíchuí agus méaduithe go háirithe san ualach rátaí. Rinneadh dul chun cinn lenár maoinithe sa bhliain 2006 agus is mian liom moladh a thabhairt don cheannaireacht a sholáthair an Méara agus baill na Comhairle, agus do shaothar iontach na foirne i rith na bliana as ar tháinig gradam ó Chomhlachas Chumainn Tráchtála na hÉireann.

Is iomaí agus is éagsúil iad na dúshlán iomaíoch atá os coinne na cathrach, ach is é áirithiú lár na cathrach do choisithe, athghiniúint dár n-eastáit tithíochta, feabhsú íomhá na cathrach, forbairt bhruach na habhann dá lánchumas agus an beart a sheachadadh ó thaobh an stádais tairsí de. Is deis nach beag é an Plean Forbartha Náisiúnta úr, agus ní mór dúinn na féidearthachtaí a thagann leis a optamú. Ón mbliain 2007 ar aghaidh ní foláir dúinn a chinntiú go n-eagraítear na rannóga den chomhairle leis na hacmhainní a thiocfaidh leis an bplean úr a fháil ina n-iomláine.

Teastaíonn uaim ar deireadh buíochas a ghabháil leis na daoine agus na gníomhaireachtaí seachtracha úd go léir a chuaigh i ngleic leis an gcomhairle ag gach uile leibhéal le linn na bliana 2006. Níltear in aon amhras gur neartaíodh an rialtas áitiúil sa chathair le do rannpháirtse, agus chuidigh sí linn beart a sheachadadh ní b'éifeachtúla de réir ár sainchúram. Fáiltímse roimh do rannchur leanúnach agus sinn ag dul isteach i gcéim spreagúil de dhul chun cinn na cathrach.

# HIGHLIGHTS OF 2006
# BUAICPHOINTÍ NA BLIANA

**25th Anniversary - Twinning of Limerick and Quimper**
Reception for French Ambassador at City Hall to celebrate the occasion

< Top > Civic Reception for **Limerick Choral Union**

< Middle > The unveiling of the **Con Leahy Memorial** on Bedford Row, Mayor Diarmuid Scully with Con Leahy's nieces Elizabeth MacGreavy (left) and Maura Morphey.

< Below > Mayor Joe Leddin honours **Corpus Christi Pipe & Drum Band** recipents of the Gaisce Presidents Award.

< Top > Tom Mackey, City Manager, Cllr. Diarmuid Scully, Mayor, Monsieur Fredric Grasset, French Ambassador, and his wife Madam Grasset, Monsieur Jean Yves Bozec, Deputy Mayor of Quimper.

< Above > Brid Hayes, Marie Cantillon, Cllr. Maria Byrne and Gay Kilgarriff

Pierre Donnars presenting a book to Cllr. Maria Byrne.

< Left > Switching on of City Centre **Christmas lights** by Mayor Joe Leddin and five year old Jordan Crawford, Southill.

< Above > President McAleese attends **Launch of Education Initiative** at St. Munchins Community Centre, Kileely

< Left > Mayor Leddin held a reception to honour Galway man and Limerick graduate Noel O'Domhaill, **one of Limerick's best ambassadors** in Holland. Mr. O'Domhaill teaches in the Dutch sporting city of Enschede and showcases Limerick's brilliant sporting tradition to his students.

# LIMERICK CELEBRATES
# CEILIÚRADH LUIMNIGH

**Heineken Cup Final May 20th 2006**
Over 15,000 people took to O'Connell Street to watch the historic Heineken Cup final on Europe's largest screen and over 40,000 people stood on O'Connell Street to welcome the team home through rain and cold winds. Munster won the tournament, beating Biarritz in the final held in Cardiff. The first-ever Heineken Cup meeting between the two sides was one of the most eagerly-awaited games in Irish rugby history.

**Red Day for Munster**
The workplaces and schools of Munster (and beyond!) were a sea of red the day before the Heineken Cup Final. In preparation for Munster Rugby's big day in Cardiff, the 19th of May was designated Munster Red Day.

< Below > Gaelscoil Sairseal during Red Day for Munster

St. Patrick's Girls School, third class on 'Red Day for Munster'

# OUR CITY'S SPORTING ACHIEVEMENTS
# ÉACHTAÍ SPÓIRT NA CATHRACH

<Left > T J Ryan, captain, is presented with the **Waterford Crystal Cup.** Limerick v WIT, Gaelic Grounds, Waterford Crystal Cup Final.

< Below > **Youth Golf Academy** 'First Tee' at Rathbane municipal golf course

< Top > Deputy Mayor, Cllr. Kieran O'Hanlon presenting Finbarr O'Brien, Rathbane, with his **Service to Sport Award** with Jimmy Moore from St Frances Boxing Club.

< Above > Leonard Bourke and Ronnie Long receiving their **Limerick Service to Sport Awards**.

< Above >
**ITF Ulster Bank Mens Futures**
Limerick Lawn Tennis Club played host to the competition, won by Denmark's, Frederik Nielsen pictured above with Pat O'Hanlon, Ulster Bank, Des Allen, CEO Tennis Ireland and Jack Quilligan, Captain Limerick Lawn Tennis Club

**Kitkat Limerick Parks Tennis Tournament,** Limerick Lawn Tennis Club
< Top left > Under 10 division - Gearoid Hassett, Ahane (runner up), Justin Bartley, Monaleen, (winner), Aishling Hayes, Caherconlish (winner), Susan Crotty, Monaleen (runner up)
< Lower left > Gerard Meehan, Moyross runner up in the under 14
< Lower right > Rory O'Connell, David O'Malley, frank Hartnett and Ross McManemy

**Swimming Success**
< Above > Cllr. Marie Byrne, Deputy Mayor with Eimear Doyle (Silver) Grainne Phelan, Fiona Doyle (Gold) and Ferdia Kenny (Silver)
< Left > Sisters Eimear and Fiona Doyle - National and Irish Senior Schools Champions, European medalists.

# OUR CITY'S SPORTING ACHIEVEMENTS
# ÉACHTAÍ SPÓIRT NA CATHRACH

< Left > Mayor Scully honours members of the **Shannon Rowing Club**, winners of Irish National Senior Quad Championships, included from left Fergal O'Callaghan, Kenny MacDonald, Michael O'Callaghan, Gerry O'Dowd, Ian Cumiskey, Club President, Brian Collins, Tony Hanaway.

< Left > **Shannon Rowing Club** winners of Irish National Senior Quad Championships 2006

< Above > The team in action at the Henley Royal Regatta, Oxfordshire. They also participated in the Ghent Regatta, Belgium, finishing second against other national teams, and the London Metro Regatta at Eaton.

< Left > Action from the **Limerick 37** v Leeds United match, Hogan Park.

< Above & top right > **Shannon RFC** - All Ireland League Winners 2006
Final Shannon V Clontarf

< Right & lower right > **St. Munchin's College** win the Munster School's Senior Cup final 2006

< Below > **Garryowen RFC** - Munster Senior Cup Winners 2006

Limerick City Council
Comhairle Cathrach Luimnigh

# SPRINGFEST & RIVERFEST
# CEILIÚRADH LUIMNIGH

**Showcasing the city at its best!**
May Bank Holiday Weekend

Showcasing, highlighting and reveling in the art, culture, music, sport and food that makes Limerick great.

**Springfest**
**Making entertainment a priority for the people of this great city**

This week long party had an exciting calendar of events for young and old alike from music, street theatre, dance, market stalls, live gigs, comedy and much more.

The highlights of the festival included the St. Patrick's Day Parade which saw community, school, sports, arts and volunteer groups marching in a magical spectacle of colour, music and action.

The city also welcomed scores of Marching Bands from around Ireland and abroad to participate in the Limerick International Band Competition.

# SPRINGFEST & RIVERFEST
# CEILIÚRADH LUIMNIGH

**Riverfest**
A festive playground from the BBQ on Georges Quay, the Asgard II and L.E. Aoife mooring in the Ted Russell Docks and the Blazing Paddles taking to the river for an extreme sports expo. Thousands enjoyed the sports and BMX action in Arthurs Quay Park, while Cruses Street played host to an outdoor circus. The riverfront was the scene of high speed boat-racing and firework display, the cities theatres showcased the best of Limerick and Budweiser Global Beats delivered 54 free gigs.

# HIGHLIGHTS OF 2006
# BUAICPHOINTÍ NA BLIANA

**Partnership with Business Winner**
National Chambers Awards 2006
*Nominated by:* Limerick Chamber

Limerick City Council is recognised for its historic move to reduce the annual commercial rates charge for the first time in 2006

The Council approved a reduction in the annual rate charge of 0.5pc in its budget for 2006. It is the first local authority in the State to reduce its annual rates charge.

Pictured with the Mayor was < l-r > Minister for the Environment, Heritage and Local Governement Dick Roche TD and Robin O'Sullivan

**Final Mass for historic Limerick church**

The Bishop of Limerick, Dr Donal Murray, celebrated the last Mass in the Jesuit Church of the Sacred Heart on June 30th. The farewell Mass marked the end of nearly 150 years of worship.

Members of the Jesuit community vacated the church and adjoining residence at the start of July following the sale of the property earlier in the year.

< Top left > Richard Leonard, Mayor Joe Leddin and Frank Larkin, President Old Cresent Rugby Club.

< Top right > Mayor Joe Leddin and Fr. Frank O'Neill S.J.

< Lower left> Fr. Dermot Murray S.J.

< Lower right > Mayor Joe Leddin and Bishop Donal Murray

# MEMBERS OF LIMERICK CITY COUNCIL
# BAILL DE CHOMHAIRLE CATHRACH LUIMNIGH

1. Cllr. Ger Fahy, *Fine Gael*
2. Cllr. Kathleen Leddin, *Non-P*
3. Cllr. Gerry McLoughlin, *Labour.*
4. Cllr. John Ryan, *Labour*
5. Cllr. Maria Byrne, *Fine Gael*
6. Cllr. Diarmuid Scully, *Fine Gael*
7. Cllr. Kieran O'Hanlon, *Fianna Fáil*
8. Cllr. James Houlihan, *Labour*
9. Cllr. John Cronin, *Fianna Fáil*
10. Cllr. Jim Long, *Fine Gael.*
11. Cllr. Michael Hourigan, *Fine Gael*
12. Cllr. Lilly Wallace, *Non-P.*
13. Cllr. Kieran Walsh, *Labour*
14. Cllr. Joe Leddin, *Labour*
15. Cllr. John Gilligan, *Non-P.*
16. Cllr. Kevin Kiely, *Fine Gael*
17. Cllr. Pat Kennedy, *Non-P.*

# MAP OF ELECTORAL AREAS
# LÉARSCÁIL NA dTOGHCHEANTAR



# CORPORATE SEVICES
# SEIRBHÍAÍ CORPARÁIDEACH

### ACHIEVEMENTS IN 2006

- Successful operation of meetings of City Council.
- Successful liaising and management of members of City Council.
- Organisation of Civic and Mayoral Receptions.
- Publication of Draft Register of Electors, Register of Electors and Edited Version of Register of Electors.
- Assessing, processing and payment of Higher Education Grants.
- Ongoing communication with C.V.O. and Food Safety Authority for the purpose of consumer protection.
- Continued updating information on City Council website and intranet.
- Innovative participation in the promotion of the city.

## HUMAN RESOURCES

### Industrial & Employee Relations

The Human Resource Department continued to work closely with the group of Unions under the auspices of the Partnership Steering Committee in 2006.

Significant progress was made in identifying and agreeing the change/modernisation agenda as set out under Sustaining Progress and the initial steps were taken in developing a modernisation agenda under Towards 2016.

The Human Resource Department is committed to fostering good industrial relations and recognises that such a policy facilitates the resolution of staff issues at the earliest possible time.

### Training

The City Council also continued to develop its training programme and undertook in excess of 50 courses during the course of the year. These courses included the following:

- Team Leader Training
- Supervisory Skills
- Dealing with Aggressive Customers
- Retirement Planning
- Construction Stage Safety
- SafePass

It is anticipated that the training and up-skilling of staff will continue in 2007 as the individual needs of all staff members as revealed in the Personal Development Plans are taken into consideration.

### Recruitment

The staff complement for Limerick City Council at 31st December 2006 was 621 and categorised as follows:

| | |
|---|---|
| Managerial/Administrative | 183 |
| Professional/Technical | 46 |
| Craft, general and related grades | 328 |
| Other staff | 64 |
| Whole time equivalents | 548.85 |

### Work Experience/Work Placements

The City Council continue to place emphasis on strengthening our relationship and supporting the various placement schemes for second and third level schools throughout the county and city and also with many other organisations including FAS and the VEC. 35 students availed of this facility in 2006.

### Community Employment Schemes
### Jobs Initiative Scheme

Limerick City Council continued to support the employment of 28 staff members under the Community Employment Scheme/Job Initiative Scheme in conjunction with FAS.

### Policies & Procedures

In line with existing legislation and best practices, the department continued to develop, implement and update the following policies/procedures throughout the year:

- Grievance and Disciplinary Procedures - Staff Guidelines
- Travel and Subsistence circulars
- Code of Conduct for Employees

**Accounts Receivable Department**
< Back l to r > Mary Hayes, Rob Wallace, James McNamara, Andrea Forde.
< Front l to r > Irene Griffin, Patrick O'Byrne, John Kennedy.

- Various Circulars regarding pay increases from the DOEHLG and also various circulars in relation to superannuation entitlements.
- Limerick City Council-Cultural Diversity - member of the Travelling Community
- Limerick City Council Equality and Diversity Management
- Probation Policy Employees
- Training and Further Education Policy
- Vaccination Policy

The City Council arranged for a comprehensive review of the vaccination cover afforded to relevant sections in 2006 and will consider the results of this review and provide further inoculations etc. as required.

### Family Friendly Policies

The number of staff who have availed of leave under the various schemes in 2006.

| | |
|---|---|
| Parental leave | 11 |
| Term Time | 14 |
| Worksharing | 31 |
| Flexitime | 151 |
| Career Breaks/Secondments | 12 |

### Staff Counselling & Support Service

The HR Department continues to recognise the importance of a Staff Counselling Service which is available to all staff and which provides an opportunity to access professional counselling to assist staff on a confidential basis.

## ICT SERVICES

### Telecommunications & Network Services

- Installed LAN/WAN internet connection incorporating secure access to Government Networks.
- Network infrastructure: Upgraded server backbone to GB connectivity, installed new backup systems and increased storage capacity and application access speed.
- Assisted in the completion of a major refurbishment of City Hall
- Security improved with the introduction of Active Directory, Microsoft patch management system W-SUS, upgraded Firewall, new virus protection system and Government Network connection.

### Geographic Information Systems

- In 2006 a new data capture tool was commissioned for the City Council. The 'On-line Digitising Tool' has been employed in the Fire Station, Planning Dept. and Environment Dept A map-based tool, it is managed centrally and allows individuals from these departments to capture spatial information with minimum expertise and training.
- A platform independent 'light' application was also commissioned to display simple map-based information to the public via the Corporate Website. This tool has been used in conjunction with the 'On-line Digitising' tool and compliments the existing Planning Enquiry System.

**Housing Department**
< Back l to r > Marie McElhinney, Vera Fitzgerald
< Front l to r > Deirdre Crowe, Joan O'Shea

**Motor Tax**
< l to r > Denise Cregan, Grace Hourigan

### Web Services

- Design work commenced on the corporate site www.limerick.ie, to the standards set out in the Web Accessibility Initiative (WAI) funded by the DoEHLG through Community & Enterprise The redesign project will run until June 2007 and it is planned that individual departments within the City Council will play an important role in the daily maintenance and updating of website content through the use of a Content Management System.
- ICT supported Community and Enterprise and PAUL Partnership in specifying the requirements for a new website for the Social Inclusion Measures Working Group (http://www.limericksim.com).
- An intranet based 'Staff Expenses' system was implemented in 2006. This system improves efficiency and reduces the paper trail in processing expenses claims.

### Business Applications

- A new customer complaints system was designed and developed in-house to record and manage complaints and request for structural repairs to City Council assets (i.e. water mains & roads etc.) in a more efficient manner. Initially launched in 2005 to the Water Services Department this application was successfully rolled out to the Roads and Traffic Departments
- Introduced Government Network Application Infosys for Housing Department
- Introduced new Childcare Application
- Major upgrades to financial system, email, remote access and citrix applications

## HEALTH & SAFETY

The health and safety programme for 2006 took account of the long awaited new Safety, Health and Welfare at Work Act of 2005. This has raised the bar in relation to safety responsibilities in the workplace with a special emphasis on managing work activities in order to ensure safety and health. In addition there were a number of new safety regulations signed into law during 2006.

### Key Achievements in 2006

- Developed and implemented a Public Access Defibrillation Programme for City Hall and the City Library.
- Developed and implemented an Hepatitis Vaccination Programme.
- Arranged safety reviews for six sections and upgraded their Safety Statements.
- Provided VDU Assessments and training following the office reorganisation for staff
- Carried out Radon Monitoring survey in City Hall.
- Developed six new Safety Guidelines for Mobile Access Towers, Critical Incident Stress, Fall Arrest Systems, Angle Grinders and the Hoist.
- Developed Safety Inspection Checklists for the offices and other work sites.
- Developed a Register of Inspection for Fall Arrest Equipment.
- Prepared annual management report on all accidents that occurred in 2005
- Provided Safety Induction Training courses for the Library staff, Art Gallery and Temporary staff.

- Provided safety training in Mobile Access Towers, Construction legislation, Public Access Defibrillation and Fire Safety Training.
- Prepared a specification for VDU operators office chair.
- Provided FÁS SafePass refresher training courses and cards for eligible staff
- Organised H&S awareness activities during H&S Week for LCC employees.
- Organised the meetings for employee Safety Representatives.
- Arranged fire drills.
- Contributed to the Local Authority Safety Advisors Group (LASAG) publications

### Sudden Adult Death Syndrome & Defibrillation

The Irish Heart Foundation has indicated that approximately 6,000 people die each year in Ireland from sudden adult death syndrome (a sudden cardiac arrest) and that about 70% of these occur away from hospital. Some of these fatalities may have been prevented if the victim had access to early defibrillation.

Limerick City Council has installed defibrillators into City Hall and the City Library and trained staff on how to use them. These devices will play a vital role in improving the survival rate of a person suffering from a cardiac arrest while working in or visiting City Hall or the City Library.

## PARTNERSHIP

The Partnership process is a mechanism to secure delivery of change and modernisation. It involves management, unions and employees at all levels addressing a wide range of issues of strategic and operational importance, and the delivery of positive outcomes to benefit all parties i.e. management, unions, employees and the public.

### Directorate Partnership Sub-Committees

Discuss issues relating to their particular directorate and the recommendations/suggestions put forward are brought to the full Partnership Steering Committee for approval. Committee members comprise of management and union representatives.

A new protocol Handling Significant Change through Partnership has been adopted by LANPAG as it had become clear that managers, union representatives and employees all agreed that all issues of a significant nature should be handled through Partnership.

Towards 2016 is the new Ten-Year Framework Social Partnership Agreement 2006-2015 and discussions have commenced in relation to the provisions contained within T2016. These discussions will take place through the Partnership process.

In 2006 Partnership was involved in the following:

**Projects**

- Train the Trainer
- Basic IT Skills Training
- Supervisory Skills Training
- ISO9001:2000

**Discussions**

- Attendance Management Policy
- Staff Information Sessions
- Employee Safety Handbook

## LIMERICK ARCHIVES

Limerick Archives holds a large collection of archives of the local authorities in Limerick City and County, including minute books of council meetings, rate books relating to the payment of rates on property, valuation records, letter books of incoming and outgoing correspondence, wages books and managers orders. Limerick Archives also holds a large collection of now disbanded authorities including the Board of Guardians, Rural District Councils and the Limerick County Infirmary.

The archives also holds some major collections relating to business in Limerick including the records of Limerick Harbour Commissioners, Limerick Chamber of Commerce and Geary's Biscuit Factory. The archives contains a large collection of deeds mainly relating to property in Limerick as well as family and estate papers, including the papers of the De Vere's of Curraghchase and the Monteagles of Mount Trenchard, Foynes. All of these collections are fully available to the public for research, as Limerick Archives aims to make the archives of Limerick as widely accessible as possible

In 2006 Limerick Archives embarked on a joint project with Limerick Civic Trust to undertake a conservation and cataloguing programme to provide best practice preservation and access standards for the archives service.

Recent accessions include the papers of Fitt's Auctioneers, a small collection relating to the Massey family of Clarina and a collection of drawings relating to Limerick City Council's housing design schemes.

Chamber of Commerce Minute Book, 1847

**Transportation & Infrastructure**
< Back l to r > John Irwin, Derek Stundon, Freda Ryan,
< Front l to r > Dermot Winston, Joe Coughlan (Risk Management), Pat Eyres.

The archives service continues to collect material and is actively seeking to acquire new collections that relate to Limerick people and to Limerick's social, cultural and business history. The archive service then provides for the permanent preservation of archive material using conservation materials and controlled storage conditions.

The primary aim of the archive service is to document the decisions, achievements and activities of as many aspects of Limerick life as possible. Anyone interested in donating archive material or seeking advice on archival matters should contact the archive service. Limerick Archives is jointly funded by Limerick City Council and Limerick County Council.

### ÉACHTAÍ SA BHLIAIN 2006

- Reáchtáil rathúil chruinnithe na Comhairle Cathrach.
- Teagmháil agus bainistiú rathúil de bhaill na Comhairle Cathrach.
- Eagrú na bhFáiltithe Cathartha agus Méaracha.
- Foilsiú Dhréachtchlár na dToghthóirí, Clár na dToghthóirí agus Leagan Eagraithe de Chlár na dToghthóirí.
- Measúnú, próiseáil agus íoc na nDeontas Ardoideachais.
- Cumarsáid leanúnach leis an C.V.O. agus leis an Údarás um Shábháilteacht Bia chun críche chosaint na dtomhaltóirí.
- Leanúint de nuashonrú faisnéise ar láithreán gréasáin agus inlíon na Comhairle Cathrach.
- Rannpháirteachas nuálaíoch um chur chun cinn na cathrach.

## ACMHAINNÍ DAONNA

### Caidreamh Tionsclaíoch agus Fostaí

Lean an Rannóg Acmhainní Daonna ar aghaidh sa bhliain 2006 ag obair go dlúth leis an ngrúpa Ceardchumann faoi choimirce an Choiste Stiúrtha Comhpháirtíochta.

Rinneadh dul chun cinn suntasach um aithint agus aontú ar an gclár athrúcháin/nuachóiriúcháin de réir mar a leagtar amach faoi An Dul Chun Cinn a Choinneáil, agus glacadh na chéad chéimeanna i bhforbairt cláir nuachóiriúcháin faoi I dTreo 2016.

Tá An Rannóg Acmhainní Daonna tiomanta do chothú na ndea-chaidreamh tionsclaíoch, agus aithníonn sí go n-éascaítear réiteach na saincheisteanna foirne ag an tráth is luaithe agus is féidir lena leithéid de bheartas.

## Oiliúint

Choinnigh an Chomhairle Cathrach uirthi ag forbairt a cláir oiliúna agus thug an Chomhairle faoi bhreis agus 50 cúrsa i rith na bliana. Áiríodh leis na cúrsaí sin na cinn seo a leanas:

- Oiliúint Ceannaire Foirne
- Scileanna Maoirseachta
- Ag Plé le Custaiméirí Ionsaitheacha
- Pleanáil don Scor
- Sábháilteacht na Céime Tógála
- Pas Sábháilte

Táthar ag tnúth go leanfar ar aghaidh le hoiliúint agus le huasghrádú oilteachta na foirne sa bhliain 2007 de réir mar a thabharfar san áireamh éilimh aonair gach ball foirne mar a nochtadh sna Pleananna Forbartha Pearsanta.

## Earcaíocht

Ba 621 an líon foirne ag Comhairle Cathrach Luimnigh an 31 Nollaig 2006, arna chatagóiriú mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Lucht Bainistíochta/Lucht Riaracháin | 183 |
| Foireann Ghairmiúil/Theicniúil | 46 |
| Gráid cheardaíochta, ginearálta agus cinn ghaolmhara | 328 |
| Foireann eile | 64 |
| Coibhéisí lánaimseartha | 548.85 |

## Taithí Oibre/ Socrúcháin Oibre

Leanann an Chomhairle Cathrach ar aghaidh ag leagan béime ar neartú ár gcaidrimh agus ar thacú leis na scéimeanna socrúcháin éagsúla do scoileanna dara leibhéal agus tríú leibhéal ar fud an chontae agus na cathrach, agus le go leor eagraíochtaí eile freisin, lena n-áirítear FÁS agus an Coiste Gairmoideachais. Bhain 35 mac léinn leas as an áis sin sa bhliain 2006.

## Scéimeanna Fostaíochta Pobail Scéim Tionscnaimh Phost

Choinnigh Comhairle Cathrach Luimnigh uirthi ag tacú le fostú 28 ball foirne faoin Scéim Fostaíochta Pobail/Scéim Tionscnaimh Phost i gcomhar le FÁS.

## Beartais agus Nósanna Imeachta

Ag cloí leis an reachtaíocht agus na dea-chleachtais dá bhfuil ann, lean an rannóg seo ar aghaidh ag forbairt na mbeartas/nósanna imeachta seo a leanas i rith na bliana, agus iad a chur i bhfeidhm agus a nuashonrú:

- Nósanna Imeachta Casaoide agus Disciplíneacha-Treoirlínte Foirne
- Ciorcláin Taistil agus Cothabhála
- Cód Iompair d'Fhostaithe
- Ciorcláin Éagsúla maidir le méaduithe pá ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ciorcláin éagsúla freisin i ndáil le teidlíochtaí aoisliúntais.
- Comhairle Cathrach Luimnigh-Éagsúlacht Chultúrtha- duine den Lucht Siúil
- Comhionannas agus Bainistiú Éagsúlachta Chomhairle Cathrach Luimnigh
- Fostaithe Beartais Phromhaidh
- Beartas Oiliúna agus Breisoideachais
- Beartas Vacsaínithe

D'eagraigh an Chomhairle Cathrach athbhreithniú cuimsitheach um chlúdach vacsaínithe a thugtar do na rannóga ábhartha sa bhliain 2006, agus breithneoidh sí torthaí an athbhreithnithe seo agus soláthrófar tuilleadh ionacluithe srl. de réir mar is gá.

## Beartais a Thacaíonn le Teaghlaigh

An líon foirne a thóg saoire faoi na scéimeanna éagsúla sa bhliain 2006.

| | |
|---|---|
| Saoire thuismitheoirí | 11 |
| Saoire Scoilbhliana | 14 |
| Postroinnt | 31 |
| Fleisc-am | 151 |
| Sosanna Gairme/Iasachtaí | 12 |

## Seirbhís Comhairleachta & Tacaíochta Foirne

Coinníonn an Rannóg Acmhainní Daonna uirthi ag tabhairt aitheantais don tábhacht a bhaineann le Seirbhís Comhairleachta Foirne atá ar fáil do gach ball foirne agus a sholáthraíonn deis chun rochtain a fháil ar chomhairleacht ghairmiúil le cabhrú le baill foirne ar bhonn rúnda.

# SEIRBHÍSÍ TFC

### Seirbhísí Teileachumarsáide & Líonra

- Nasc idirlín LAN/WAN suiteáilte lena gcuimsítear rochtain shlán ar Líonraí Rialtais.
- Bonneagar líonra: Cnámh droma freastalaí a uasghrádú do nascmhaireacht GB, córais chúltaca nua suiteáilte agus cumas stórála agus luas rochtana feidhmchláir a mhéadú.
- Cúnamh le comhlíonadh d'athchóiriú mór Halla na Cathrach
- Feabhsú slándála le tabhairt isteach Eolaire Ghníomhaigh, córas bainistiú paiste Microsoft W-SUS, uasghrádú Balla dóiteáin, córas cosanta víris úr agus nasc Líonra Rialtais.

### Córais Faisnéise Tíreolaíche

- Coimisiúnaíodh uirlis gabhála sonraí nua don Chomhairle Cathrach sa bhliain 2006. Cuireadh chun feidhme an 'Uirlis Digitithe ar Líne' sa Stáisiún Dóiteáin, sa Rannóg Pleanála agus sa Rannóg Comhshaoil. Is uirlis léarscáil-bhunaithe í, arna bainistiú go lárnach, agus trína gceadaítear do dhaoine aonair ó na rannóga sin faisnéis spásúil a ghabháil leis an saineolas agus an oiliúint is íosta.
- Coimisiúnaíodh feidhmchlár 'éadrom' atá neamhspleách ar ardán d'fhonn faisnéis shimplí léarscáil-bhunaithe a thaispeáint don phobal trí mheán an Láithreáin Ghréasáin Chorparáidigh. Baineadh leas as an uirlis sin i gcomhar leis an uirlis 'Digitiú ar Líne', agus is comhlántach í ar an gCóras Fiosraithe Pleanála dá bhfuil ann.

### Seirbhísí Gréasáin

- Tosaíodh an saothar dearaidh ar an láithreán corparáideach www. Limerick.ie, go dtí na caighdeáin a leagtar amach sa Tionscnamh Inrochtaineachta Gréasáin (WAI) arna chistiú ag an DoEHLG tríd an bPobal & Fiontar. Reáchtálfar an tionscadal athdhearaidh go dtí Meitheamh 2007, agus táthar ag pleanáil go bhfeidhmeoidh na rannóga ar leithligh laistigh den Chomhairle Cathrach ról tábhachtach i gcothabháil agus nuashonrú laethúil d'ábhar an láithreáin ghreásáin trí leas a bhaint as Córas Bainistithe Ábhair.
- Pobal agus Fiontar agus Comhpháirtíocht PAUL arna chistiú ag an TCF chun riachtanais i gcomhair láithreáin ghréasáin úir a shonrú don Ghrúpa Oibre um Bearta Cuimsitheachta Sóisialta (http://www.limericksim.com).
- Cuireadh córas inlíon-bhunaithe 'um Chaiteachais Foirne' chun feidhme sa bhliain 2006. Feabhsaítear an éifeachtúlacht tríd an gcóras seo, agus laghdaítear an rian páipéir um próiseáil na n-éileamh caiteachas leis.

### Iarratais Ghnó

- Dearadh agus forbraíodh córas gearán custaiméirí nua laistigh den chomhairle féin d'fhonn gearáin a thaifeadadh agus a bhainistiú agus deisiúcháin struchtúracha do shócmhainní na Comhairle Cathrach (.i. príomhlíonra uisce & bóithre srl.) a iarraidh ar bhealach níos éifeachtúla. Rolladh amach an fheidhm sin chuig na Rannóga Bóithre agus Tráchta, ar fheidhm í a seoladh ar dtús thiar sa bhliain 2005 chuig an Rannóg Seirbhísí Uisce.
- Infosys Iarratais a thabhairt isteach d'Fheidhm Líonra Rialtais don Rannóg Tithíochta
- Feidhm nua Cúraim Leanaí a thabhairt isteach
- Uasghráduithe móra don chóras airgeadais, ríomhphoist, cianrochtana agus feidhmeanna citrix

# SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT

Glacadh san áireamh leis an gclár sláinte agus sábháilteachta don bhliain 2006 an tAcht um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair nua ón mbliain 2005. Ardaíodh na caighdeáin ann i leith freagrachtaí sábháilteachta sa láthair oibre, le béim ar leith ann ar ghníomhaíochtaí oibre a bhainistiú d'fhonn an tsábháilteacht agus an tsláinte a chinntiú. Ina theannta sin ab amhlaidh a síníodh roinnt rialachán sábháilteachta úr isteach sa dlí le linn 2006.

**Planning Department**
< Back l to r > Caroline Conway Brid Duggan, Gerard O'Donoghue
< Front > Nuala O'Connell

### Éachtaí sa bhliain 2006

- Clár Dífhibrilithe Rochtana Poiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do Halla na Cathrach agus do Leabharlann na Cathrach.
- Clár Vacsaínithe Heipitítis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Athbhreithnithe sábháilteachta a eagrú i gcomhair sé rannóg agus a Ráitis Sábháilteachta a uasghrádú.
- Meastóireachtaí VDU agus oiliúint a sholáthar tar éis atheagrú na hoifige don fhoireann
- Suirbhé Monatóireachta Radóin a dhéanamh i Halla na Cathrach.
- Sé Threoirlíne Sábháilteachta úra a fhorbairt do Thúir Rochtana Soghluaiste, Strus Teagmhais Ghéibheannaigh, Córais Sábhála ó Thitim, Uillinnmheilteoirí agus an tArdaitheoir.
- Seicliostaí Cigireachta Sábháilteachta a fhorbairt do na hoifigí agus do láithreacha oibre eile.
- Clár Cigireachta a fhorbairt do Threalamh Sábhála ó Thitim.
- Tuarascáil bhliantúil um bainistiú a ullmhú i leith gach tionóisc a tharla thiar sa bhliain 2005
- Cúrsaí Oiliúna Ionduchtúcháin Sábháilteachta a sholáthar d'fhoireann na Leabharlainne, an Ghailearaí Ealaíne agus Foireann Shealadach.
- Oiliúint sábháilteachta a sholáthar i dTúir Rochtana Soghluaiste, reachtaíocht Tógála, Dífhibriliú Rochtana Poiblí agus Oiliúint Sábháilteachta Dóiteáin.
- Sonraíocht a ullmhú i gcomhair chathaoir oifige na n-oibreoirí VDU.
- Cúrsaí agus cártaí athnuachana oiliúna Pas Sábháilte FÁS a sholáthar don fhoireann incháilithe
- Gníomhaíochtaí feasachta Sláinte agus Sábháilteachta a eagrú i rith na Seachtaine Sláinte agus Sábháilteachta d'fhostaithe Chomhairle Cathrach Luimnigh.
- Cruinnithe a eagrú d'Ionadaithe Sábháilteachta fostaí.
- Druileanna dóiteáin a eagrú.
- Rannchur le foilseacháin Ghrúpa Comhairleoirí Sábháilteachta na nÚdarás Áitiúil (LASAG)

### Siondróm an Bháis Thobainn i measc Aosach agus an Dífhibriliú

Thug Foras Croí na hÉireann le fios go bhfaigheann isteach is amach ar 6,000 duine bás gach aon bhliain in Éirinn de bharr siondróim an bháis thobainn i measc aosach (stad croí tobann) agus go dtarlaíonn timpeall 70% díobh seo ar shiúl ón ospidéal. D'fhéadfaí roinnt de na héaganna sin a chosc dá mba rud go mbeadh rochtain ag an té a d'fhulaing leo ar luathdhífhibriliú.

Tá Comhairle Cathrach Luimnigh tar éis dífhibrileoirí a shuiteáil isteach i Halla na Cathrach agus Leabharlann na Cathrach agus foireann a oiliúint faoi conas leas a bhaint astu. Feidhmeoidh an gairis sin ról ríthábhachtach chun ráta marthanachta an té atá ag fulaingt le stad croí a fheabhsú agus iad ag obair nó ag tabhairt cuairte ar Halla na Cathrach nó Leabharlann na Cathrach.

## COMHPHÁIRTÍOCHT

Is meicníocht atá sa phróiseas Comhpháirtíochta chun seachadadh athrú agus nuachóiriú a shlánú. Tá baint ag lucht bainistíochta, ceardchumainn agus fostaithe léi ag gach aon leibhéal le haghaidh a thabhairt ar réimse leathan saincheisteanna a mbaineann tábhacht straitéiseach agus oibríochtúil leo, agus seachadadh na dtorthaí dearfacha chun tairbhe gach páirtí .i. lucht bainistíochta, ceardchumainn, fostaithe agus an pobal.

### Fo-Choistí Comhpháirtíochta na Stiúrthóireachta

Saincheisteanna a bhaineann lena stiúrthóireachta faoi leith a phlé, agus tugtar na moltaí a chuirtear chun cinn go dtí an Coiste Stiúrtha Comhpháirtíochta iomlán lena gceadú. Is iad an lucht bainistíochta agus ionadaithe ceardchumainn atá i mbaill an Choiste.

Tá LANPAG tar éis glacadh le prótacal úr dar teideal Athrú Suntasach a Láimhseáil tríd an gComhpháirtíocht, óir gur léir gur aontaigh bainisteoirí, ionadaithe ceardchumainn agus fostaithe go léir go mba cheart go láimhseálfaí gach saincheist a mbaineann suntas leo tríd an gComhpháirtíocht.

Is é I dTreo 2016 an Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta de Chreatlach Dheich mBliana 2006-2015, agus táthar tar éis comhchainteanna a thosú i ndáil leis na forálacha a fhaightear sa T2016. Is trí mheán an phróisis Chomhpháirtíochta a tharlóidh na comhchainteanna sin.

Bhí baint ag an gComhpháirtíocht sa bhliain 2006 sna cinn seo a leanas:

**Tionscadail**
- An tOiliúnóir a Oiliúint
- Bun-Oiliúint um Oilteachtaí TF
- Oiliúint um Oilteachtaí Maoirseachta
- ISO9001:2000

**Comhchainteanna**
- Beartas Bainistiú Freastail
- Seisiúin Eolais Foirne
- Lámhleabhar Sábháilteachta Fostaí

## CARTLANNA LUIMNIGH

Is i gCartlanna Luimnigh atá bailiúchán mór cartlann leis na húdaráis áitiúla i gCathair agus Contae Luimnigh, lena n-áirítear leabhair mhiontuairiscí na gcruinnithe comhairle, leabhair ráta a bhaineann le híoc rátaí ar mhaoin, taifid luachála, leabhair litreach de chomhfhreagras isteach agus amach, leabhair phá agus orduithe bainisteoirí. Is i gCartlanna Luimnigh freisin atá bailiúchán mór leis na húdaráis atá scortha anois, lena n-áirítear an Bord Bardachta, Comhairlí Dúiche Tuaithe agus Otharlann Chontae Luimnigh.

Is sna cartlanna freisin atá roinnt bailiúchán mór i ndáil leis an ngnó i Luimneach, lena n-áirítear taifid Choimisinéirí Cuain Luimnigh, Cumann Tráchtála Luimnigh agus Monarchan Brioscaí Geary. Is sna cartlanna atá bailiúchán mór gníomhas a bhaineann go príomha le maoin laistigh de Luimneach chomh maith le páipéir theaghlaigh agus eastáit, lena n-áirítear páipéir Mhuintir De Vere ag Curraghchase agus Mhuintir Monteagles ag Mount Trenchard, Faing. Tá gach ceann de na bailiúcháin sin ar fáil ina n-iomláine don phobal i gcomhair taighde, óir gurb í aidhm Chartlann Luimnigh cartlanna Luimnigh bheith inrochtana chomh forleathan agus is féidir Chuaigh Cartlanna Luimnigh i mbun comhthionscadail sa bhliain 2006 le hIontaobhas Sibhialta/Cathartha Luimnigh le tabhairt faoi chlár caomhnaithe agus catalógaithe chun caighdeáin rochtana agus caomhnaithe sár-chleachtais a sholáthar don tseirbhís cartlann.

Áirítear leis na nithe a tugadh chun seilbhe le déanaí páipéir Cheantálaithe Fitt, bailiúchán beag a bhaineann le muintir Massey ag Clár Aidhne agus bailiúchán líníochtaí a bhaineann le scéimeanna deartha tithíochta de chuid Chomhairle Cathrach Luimnigh.

Coinníonn an tseirbhís cartlann uirthi ag bailiú ábhair, agus tá sí ag féachaint go gníomhach le bailiúcháin úra a fháil ar bainteach le muintir Luimnigh féin iad agus le stair shóisialta, chultúrtha agus gnó Luimnigh. Forálann an tseirbhís cartlann ansin do chaomhnú buan an ábhair chartlainne trí leas a bhaint as ábhair chaomhnaithe agus as coinníollacha stórála rialaithe.

Is í príomhaidhm na seirbhíse cartlainne cinntí, éachtaí agus gníomhaíochtaí an oiread gnéithe de shaol Luimnigh agus is féidir a dhoiciméadú. Aon duine ar spéis leo ábhar cartlainne a dheonú nó comhairle um ghnóthaí cartlannacha a lorg; ba chóir dóibh teagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís chartlainne. Is iad Comhairle Cathrach Luimnigh agus Comhairle Contae Luimnigh a chomhchistíonn Cartlanna Luimnigh.



Limerick City Gallery

# SOCIAL & AFFORDABLE HOUSING
# TITHÍOCHT SHÓISIALTA INACMHAINNE

## Action Plan for Social & Affordable Housing 2004–2008

- Continued focus on regeneration and turnkey development in order to achieve revised capital targets
- Acute attention to our estates through the introduction of a Joint Policing committee and Community Co-ordinator Scheme
- Focus on the attainment of units rather than contributions under RAS and Part V
- Strategic approach to the Voluntary and Co-operative sector based on Limerick City Council's housing needs
- Continued focus on improvement of traveller and homeless services

## Housing Stock

| | 2004 | 2005 | 2006 |
|---|---|---|---|
| Housing Stock | 3223 | 3279 | 3201 |
| Housing Waiting List | 1200 | 1300 | 2400 |

## Main Achievements during the year

- Establishment of the Limerick City Community Safety Partnership bringing together the key statutory bodies including the City Council, H.S.E., Gardai and Department of Justice.
- Under the Joint Policing Committee which oversees the above Partnership, approval to the extension of C.C.T.V. Monitoring in specified City areas.
- Introduction and advertisement of Community Coordinator positions
- Commenced the construction/acquisition of housing units
- Tenders sought for report on a neighbourhood regeneration programme for St. Mary's Park/ Kings Island
- Preparatory work for the demolition and refurbishment of dwellings in Sarsfield Gardens Hartigan Villas, Moyross
- Recruitment of a Tenancy Enforcement Officer to deal with incidents of anti-social behaviour in Limerick City Council's housing estates
- Improvements effected within the 6 halting sites located in Limerick City Boundary
- €132,450 paid to voluntary and community groups under the Social & Community Grant Scheme
- €130,000 paid to six estate management groups in respect of staffing and office administration costs
- Continued Rollout of Rental Accommodation Scheme with a total of 116 completions at end 2006
- Nine projects commenced under Improvement Works in Lieu Scheme and 10 Extensions to Local Authority Houses Scheme
- Approval of 127 applications under Disabled Persons Grants Scheme
- Continuance of Windows and Doors Programme Over 1,200 houses have benefited from this Programme with Contracts for Phase 6 signed in September.
- Completion of 350 houses approximately under Central Heating project at a cost of €2.6 m.
- Tenders received in respect of Vizes Court Phase I, St. Mary's Park Regeneration, Architects Consultancy Panel, Quantity Surveying Services, Mechanical/ Electrical Services.

## Social Inclusion Unit

2006 was the fifth year of the pilot Social Inclusion Unit (SIU). The key themes for 2006 were:

- Disability
- Community Safety
- Traveller Services

**Disability**

The SIU continues to coordinate the Council's responsibilities under the National Disability Strategy. In brief this involves undertaking work in the following areas:

**Preparing a submission for funding under the NDS**

In 2006 the SIU prepared application to the Department of Environment, Heritage and Local Government for funding under the National Disability Strategy. The aim of this fund is to assist local authorities provide universal access to its services.

**Establishing a Disability Advisory Group (DAG) for Limerick City Council**
In late 2006 the SIU established a DAG to assist in providing a coordinated approach to the delivery of services for people with a disability. The group is composed of senior staff from LCC as well as people with disabilities and representative organisations. One of the main objectives of the group for 2007 is to develop a Disability Action Plan which will set out the actions LCC proposes to undertake over the next three years to improve services for people with disabilities.

## Community Safety

During 2006 the SIU worked closely with the Housing Department and with experienced practitioners in community safety from the UK to develop a Community Coordinator Scheme for Limerick City's local authority estates. The aim of the Community Coordinator Scheme is to address antisocial behaviour in the city's local authority estates and to promote safer communities. It is the culmination of extensive desk research conducted by the SIU into International Best Practice in Community Regeneration and will be the first scheme of its kind in Ireland to specifically focus on community safety.

## Interagency Traveller Strategy

Since the publication of Limerick City's Interagency Traveller Strategy the SIU has worked with the Interagency Group to advance the actions prioritised as part of the strategy.

## Publications

In 2006 the Social Inclusion Unit published and launched the following documents:

- *Public Housing in Limerick City*; A Profile of Tenants and Estates
- *Literacy Guidelines for Limerick City Council*
- *Social Inclusion Handbook* – A Guide for Local Authority Management, Staff and Officials.

< Top > Sycamore Avenue, Rathbane

< Above > Elm Place, Rathbane

## Plean Gnímh don Tithíocht Shóisialta & Inacmhainne 2004–2008

- Fócas leanúnach ar athghiniúint agus forbairt eochróra d'fhonn na spriocanna caipitiúla leasaithe a bhaint amach
- Géar-aird dár n-eastáit trí Chomhchoiste Póilíneachta agus Scéim Comhordaitheora Pobail a thabhairt isteach
- Fócas ar ghnóthú aonad seachas ranníocaíochtaí faoi RAS agus Cuid V
- Cur chuige straitéiseach don earnáil Dheonach agus Comharchumainn bunaithe ar éilimh thithíochta Chomhairle Cathrach Luimnigh
- Fócas leanúnach ar fheabhsú sna seirbhísí lucht taistil agus daoine gan dídean

## Stoc Tithíochta

| | 2004 | 2005 | 2006 |
|---|---|---|---|
| Stoc Tithíochta | 3223 | 3279 | 3201 |
| Liosta Feithimh Thithíochta | 1200 | 1300 | 2400 |

## Príomh-Éachtaí i gcaitheamh na bliana

- Bunú Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Chathair Luimnigh, trína dtugtar le chéile na heochairchomhlachtaí reachtúla lena n-áirítear an Chomhairle Cathrach, an FSS, an Garda agus an Roinn Dlí agus Cirt.
- Ceadú do shíneadh Monatóireachta C.C.T.V. i gceantair Chathrach sonraithe faoin gComhchoiste Póilíneachta a mhaoirsíonn an Chomhpháirtíocht thuas.
- Tabhairt isteach agus fógraíocht na bpost mar Chomhordaitheoir Pobail
- Tosú le tógáil/sealbhú na n-aonad tithíochta
- Tairiscintí á lorg i gcomhair tuairisce faoi chlár athghiniúna comharsanachta do Pháirc Naomh Muire/Oileán an Rí
- Obair ullmhúcháin do threascairt agus athchóiriú teaghaisí in Sarsfield Gardens/Hartigan Villas, Maigh Rois
- Earcú Oifigigh Fhorfheidhmiúcháin Tionóntacha chun plé le teagmhais den iompar frithshóisialta laistigh d'eastáit tithíochta Chomhairle Cathrach Luimnigh
- Feabhsúcháin curtha i gcrích laistigh de na 6 láithreán staid atá laistigh de Theorainneacha Chathair Luimnigh
- €132,450 íoctha le grúpaí deonacha agus pobail faoin Scéim Deontas Sóisialta & Pobail
- €130,000 íoctha le sé ghrúpa bainistíochta eastáit i ndáil le costais foirnithe agus riaracháin oifige
- Rolladh amach leanúnach na Scéime Cóiríochta ar Cíos le 116 comhlíonadh ann ag deireadh na bliana 2006
- Tosú naoi dtionscadal faoi Scéim Oibreacha Feabhsúcháin in Ionad agus 10 Síneadh leis an Scéim Tithe Údaráis Áitiúil
- Ceadú 127 iarratas faoi Scéim Deontas na nDaoine Míchumasaithe
- Leanúint ar aghaidh leis an gClár Fuinneoga agus Dorais. Bhain ní ba mhó ná 1,200 teach tairbhe as an gClár sin le Conarthaí i gcomhair Chéim 6 á síneadh i mí Mheán Fómhair.
- Comhlíonadh tuairim 350 teach faoin tionscadal Teasú/Téamh Lárnach ag costas €2.6m.
- Tairiscintí a fuartahs maidir le Céim I de Court Vizes, Athghiniúint Pháirc Naomh Muire, Painéal Comhairleachta Ailtirí, Seirbhísí Suirbhéireachta Cainníochta, Seirbhísí Meicniúla/Leictreacha.

## Aonad Cuimsitheachta Sóisialta

Ba í an bhliain 2006 an cúigiú ceann den Aonad píolótach um Chuimsitheacht Shóisialta (SIU). Ba iad na príomhthéamaí don bhliain 2006:

- Míchumas
- Sábháilteacht Pobail
- Seirbhísí Lucht Taistil

### Míchumas

Leanann an SIU ar aghaidh ag comhordú freagrachtaí na Comhairle faoin Straitéis Míchumais Náisiúnta. I mbeagán focal, baineann tabhairt faoi obair mar sin sna réimsí seo a leanas:

### Aighneacht a ullmhú do chistiú faoin NDS

D'ullmhaigh an SIU iarratas don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil sa bhliain 2006 lena cistiú faoin Straitéis Míchumais Náisiúnta. Is í aidhm an chiste cúnamh leis na húdaráis áitiúla a sholáthraíonn rochtain uilíoch ar a seirbhísí.

**Grúpa Comhairleach Míchumais (GCM) a bhunú do Chomhairle Cathrach Luimnigh**
Bhunaigh an SIU GCM go déanach sa bhliain 2006 chun cúnamh le cur chuige comhordaithe a sholáthar do sheachadadh seirbhísí do dhaoine le míchumas. Is í an fhoireann shinsearach ó CCL atá ar an ngrúpa chomh maith le daoine le míchumais agus eagraíochtaí ionadaíocha. Is é ceann de phríomhchuspóirí an ghrúpa don bhliain 2007 é Plean Gnímh Mhíchumais a fhorbairt ina leagfar amach na bearta a mholann CCL tabhairt fúthu sna trí bliana amach romhainn chun seirbhísí do dhaoine le míchumais a fheabhsú.

## Sábháilteacht Pobail

D'oibrigh an SIU i gcaitheamh na bliana 2006 go dlúth leis an Rannóg Tithíochta agus le cleachtóirí a raibh taithí acu sa tsábháilteacht pobail ón Ríocht Aontaithe chun Scéim Comhordaitheora Pobail a fhorbairt d'eastáit údaráis áitiúil Chathair Luimnigh. Is í aidhm na Scéime Comhordaitheora Pobail aghaidh a thabhairt ar iompar frithshóisialta in eastáit údaráis áitiúil na cathrach agus pobail níos sábháilte a chur chun cinn. Is mar thoradh ar thaighde deisce forleathan a rinne an SIU sa Sár-Chleachtas Idirnáisiúnta um Athghiniúint Pobail, agus beidh sí mar an chéad scéim dá cineál in Éirinn chun díriú go sonrach ar an tsábháilteacht pobail.

## Straitéis Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil

D'oibrigh an SIU leis an nGrúpa Idirghníomhaireachta ó foilsíodh Straitéis Idirghníomhaíochta Chathair Luimnigh don Lucht Siúil i leith chun na gníomhartha ar tugadh tosaíocht dóibh mar chuid den straitéis a chur ar aghaidh.

## Foilseacháin

D'fhoilsigh agus sheol an tAonad Cuimsitheachta Sóisialta na foilseacháin seo a leanas sa bhliain 2006:

- *Tithíocht Phoiblí i gCathair Luimnigh*; Próifíl na dTionóntaí agus na nEastát
- *Treoirlínte Litearthachta do Chomhairle Cathrach Luimnigh*
- *Lámhleabhar um Chuimsitheacht Shóisialta* – Treoir do Lucht Bainistíochta, Foireann agus Oifigigh an Údarais Áitiúil.

< Top > Abbey Lane, Kings Island

< Middle > De Valera Court (Phase I), Rathbane

< Above > Cloncannane Road, Ballynanty

# TRANSPORT & INFRASTRUCTURE
# IOMPAR & INFRASTRUCTÚR

## ROADS

### Limerick City Centre remodelling of streets and public open spaces

The Limerick City Centre pedestrianisation project is an ambitious initiative which aims to make the city centre a pedestrian friendly environment and a more attractive place in which to shop, visit, do business and to pass the time of day. The development of the strategy has entailed extensive ongoing consultation with key stakeholders and the local community whose valued input is very important to Limerick City Council. The roll out of this strategy has also required a review of city centre traffic management measures as an integrate part of the Urban Traffic Control System and during 2006 Limerick City Council carried out a study to identify an inner city orbital route that would facilitate the remodelling of O'Connell Street to give priority back to pedestrians.

The following schemes were progressed during 2006:

### Bedford Row

The pedestrianisation of Bedford Row was completed during 2006 at a cost of €2.8 million and provides an important open space link between the main shopping areas of the City Centre, the regenerated River Shannon waterfront and multi-storey car parks. Improvements include restricting traffic to essential service vehicles only, resurfacing of the street in high quality French and Irish limestone paving, improved street lighting and signage, under grounding of services and the provision of distinctive street furniture and new trees. These improvements to the streetscape have been a catalyst for significant private sector investment in new building on the street.

### Thomas Street/Little Catherine Street

A contract (value €2.5million) for streetscape improvement works on Thomas Street was awarded during 2006 to pedestrianise Thomas Street between O'Connell Street and Augustinian Lane and pedestrianise Little Catherine Street. Pedestrian priority works includes widening footpaths under grounding of services, installation of high quality limestone paving and the provision of distinctive street furniture and public lighting.

### Clancy Strand/O'Callaghan Strand

Designs for the upgrade of the streetscape on Clancy Strand and O'Callaghan. Strand were completed during 2006 and these schemes were advanced through the Part 8 public consultation phase. These schemes will be advanced to tender and construction in 2007.

### Corbally Link Road

The site of the Corbally Link road lies to the east of Kings Island and this vital piece of road infrastructure will link the existing R463 Corbally Road at the Grove Island Centre with the R445 Dublin Road at the Park Road junction.

A contract (value €4.5m) for the construction of the Corbally Link Road was awarded during 2006 and work commenced in August. Works involve the construction of a new bridge over the Park Canal and the construction of over 1km of roadway with high quality pedestrian and cycle paths.

### Cycling

During 2006 Limerick City Council completed construction of over 1500 metres of high quality cycle paths along the Childers Road between the Parkway roundabout and Kilmallock roundabout. These works also involved upgrading the pedestrian footpaths, enhancement of walls and provision of safety railings and cost approx. €800k.

### Road Maintenance

Limerick City Council received the following road maintenance grants during the year.

| | |
|---|---|
| NRA | €785,000 |
| Block Grant | €529,000 |
| Special Block Grant | €669,000 |
| Special Improvement Grant | €1,050,000 |
| Regional Traffic Management Grant | €600,000 |

Limerick City Council used these grants and their own resources to maintain the road and footpath network in the city and to manage traffic. Major road improvement schemes were carried out at the following locations during the year.

Signing the contracts at the City Council Chambers for the new road and bridge to join Corbally to the Dublin Road

- Completion of upgrade works at Killeely Circle RAPID
- Completion of 4 Low Cost Accident Reduction schemes.
- Assessment and Design of Road resurfacing overlay for the Dock Road and capacity assessment on Shannon Bridge Roundabout.

### Road Resurfacing Works

Resurfacing works were carried out during 2006 in the following areas:

- O'Connell Street
- Cecil Street
- Pery Square
- Merchants Quay
- St. Patrick's Road
- Kenyon Avenue
- Ashbrook
- Mallow Street
- Ballysimon Road
- Mulgrave Street
- Mill Road
- Church Street
- Highfield

### Park Magic

During 2006 Limerick City Council carried out a detailed tendering process to secure a provider of electronically enabled parking payment system in Limerick City. Park Magic were the successful company and a mobile phone parking payment system was introduced during 2006. This system can be used for the payment of parking charges in Limerick City Council on street car parking spaces and at some of the private car parks.

## WATER SERVICES

### Waste Water

All contracts under the Limerick Main Drainage Scheme are complete. The Limerick Main Drainage Project, which has involved the carrying out of 19 major engineering contracts over the last 5 years, has been promoted by Limerick City Council as lead authority in association with Limerick and Clare County Councils. Funding for the Project was provided by the Department of the Environment, Heritage and Local Government under the National Development Plan and by the E.U. Cohesion Fund.

The Waste Water Treatment Plant, Sludge Plant and the new Pumping Stations continue to operate satisfactorily. The Report on an EPA audit carried out in 2005 was received in 2006 and was complimentary on all aspects of the Waste Water Treatment and Sludge Plants. The Sludge Drying Plant was upgraded in 2006 to comply with ATEX requirements as outlined in SI 238.

This project will enable the sustainable growth and development of Limerick City and its Environs well into the future whilst protecting the river environment and enhancing the amenity value of the Abbey and Shannon Rivers for the benefit of Limerick residents and visitors.

## Water

### Water Treatment

The contract for the refurbishment of the Clareville Water treatment Plant was awarded in 2006. This sees a DBO type contract in place for 20 years. The Local Authority will see its function change from a service provider to a service monitor.

**New Mains**

New Water Mains were laid at the following locations:

- Monaleen Road Trunk main - 1km of 1000mm diameter pipe.
- Clancy Strand and river crossing – 550meters of 300mm diameter ductile iron watermain in O'Callaghan Strand and 216meters of main in the river crossing.
- Bedford Road – 75meters of 300mm diameter and 75meters of 150mm diameter water mains

**New Connections**

Over 70 new properties were provided with water service connections during the year.

**Water Main Bursts**

There were over 20 major water main bursts in the city during 2006. All water main bursts were repaired immediately with effects, generally confined to period not exceeding 12 hours.

**Leak Detection**

Over 220 leaks on the distribution system were located and fixed by our water conservation crews during 2006. Unaccounted for water in the city distribution system was reduced by an average of 1500 $m^3$/ day.

## BÓITHRE

### Athshamhlú sráideanna agus spásanna oscailte poiblí i Lár Chathair Luimnigh

Is tionscnamh uaillmhianach atá sa tionscadal d'áirithiú Lár Chathair Luimnigh do choisithe arb í a aidhm lár na cathrach bheith ina thimpeallacht bhreá do choisithe agus bheith ina áit níos tarraingtí le dul i mbun siopadóireachta ann, le cuairt a thabhairt air, le gnó a dhéanamh ann agus le bheith mar chaitheamh aimsire. Bhain comhairliúchán leanúnach forleathan le heochair-gheallsealbhóirí agus leis an bpobal áitiúil le forbairt na straitéise sin, ar fíor-thábhachtach a n-ionchur le Comhairle Cathrach Luimnigh. Theastaigh athbhreithniú ar bhearta bainistithe tráchta lár na cathrach ó rolladh amach na straitéise sin freisin, mar bhunchuid den Chóras Rialaithe Tráchta Uirbigh, agus rinne Comhairle Cathrach Luimnigh staidéar le linn 2006 chun cuarbhealach lárchathrach a d'éascódh d'athshamhlú Shráid Uí Chonaill le tosaíocht a thabhairt ar ais do na coisithe.

Cuireadh na scéimeanna seo a leanas ar aghaidh le linn 2006:

### Rae Bedford

Tugadh áirithiú Rae Bedford do choisithe chun críche le linn na bliana 2006 ag costas €2.8 milliún, agus soláthraíonn sé sin nasc spáis oscailte idir an dá phríomhlimistéar siopadóireachta i Lár na Cathrach, bruach na habhann athginte d'Abhainn na Sionainne agus carrchlóis ilstóracha. Áirítear le feabhsuithe srianadh tráchta d'fheithiclí seirbhíse ríbhunúsacha amháin, athdhromchlú na sráide le pábháil aolchloiche Francaí agus Éireannaí, soilsiú agus comharthaíocht sráide feabhsaithe, fo-thalmhú seirbhísí agus soláthar troscáin sráide sainiúil agus crainn úra. Bhí na feabhsuithe sin don sráid-dreach ina chatalaíoch d'infheistiú shuntasach na hearnála príobháidí i bhfoirgneamh úr ar an tsráid.

Brian Geoghan Chairman of Park Magic (centre) presents a Park Magic electronic car parking payment device to the Mayor of Limerick Diarmuid Scully under the watchful eye of Traffic Warden Albert Cullen at the official launch at City Hall, Limerick.

## Sráid Thomáis / Sráid Chaitríona Bheag

Bronnadh deontas (de luach 2.5 milliún) d'oibreacha feabhsaithe sráid-dreacha ar Shráid Thomáis le linn 2006 le Sráid Thomáis a áirithiú do choisithe idir Sráid Uí Chonaill agus Lána Agaistíneach agus Sráid Chaitríona Bheag a áirithiú do choisithe. Áirítear le hoibreacha tosaíochta um áirithiú do choisithe leathnú cosán, fo-thalmhú seirbhísí, suiteáil pábhála aolchloiche d'ardcháilíocht agus soláthar troscáin sráide shainiúil agus soilsiú poiblí.

## Trá Mhic Fhlannchaidh / Trá Uí Cheallacháin

Cuireadh bailchríoch le dearaí d'uasghrádú an tsráid-dreacha ar Thrá Mhic Fhlannchaidh agus Trá Uí Cheallacháin le linn na bliana 2006, agus cuireadh na scéimeanna sin ar aghaidh tríd an gcéim comhairliúcháin phoiblí Chuid 8. Cuirfear na scéimeanna sin ar aghaidh chun tairisceana agus tógála amach sa bhliain 2007.

## Bóthar Ceangail Chorrbhaile

Tá suíomh Bóthair Cheangail Chorrbhaile soir ó Oileán an Rí, agus beidh an chuid ríthábhachtach de bhonneagar bóthair mar cheangal leis an mBóthar Chorrbhaile R463 dá bhfuil ann ag Ionad Oileán an Gharráin le Bóthar Bhaile Átha Cliath an R445 ag cumar Bhóthar na Páirce.
Bronnadh conradh (de luach €4.5m) do thógáil Bóthair Cheangail Chorrbhaile le linn na bliana 2006, agus chuathas i mbun oibre i mí Lúnasa. Baineann tógáil droichid úir thar Chanáil na Páirce agus tógáil níos mó ná 1 ciliméadar de bhóithre le háirithiú den scoth do choisithe agus rianta rothar leis na hoibreacha.

## Rothaíocht

Chríochnaigh Comhairle Cathrach Luimnigh le linn na bliana 2006 tógáil ní ba mhó ná 1500 méadar de rianta rothar den scoth ar feadh Bhóthair Childers idir timpeallán Parkway agus timpeallán Chill Mocheallóg. Bhain uasghrádú na gcosán do choisithe, feabhsú ballaí agus soláthar na ráillí sábháilteachta agus costas tuairim €800 míle leo.

## Cothabháil Bóithre

Fuair Comhairle Cathrach Luimnigh na deontais chothabhála bóithre seo a leanas i gcaitheamh na bliana.

| | |
|---|---|
| UBN | €785,000 |
| Blocdheontas | €529,000 |
| Blocdheontas Speisialta | €669,000 |
| Deontas Feabhsúcháin Speisialta | €1,050,000 |
| Deontas Bainistithe Tráchta Réigiúnaigh | €600,000 |

Bhain Comhairle Cathrach Luimnigh leas as na deontais sin agus as a n-acmhainní féin leis an líonra bóithre agus cosán sa chathair a chothabháil agus an trácht a bhainistiú. Rinneadh scéimeanna móra feabhsaithe bóithre ag na hionaid seo a leanas le linn na bliana.

- Críochnú oibreacha uasghrádaithe ag Ciorclán Killeely. RAPID
- Críochnú 4 scéim ísealchostais do Laghdú Timpistí.
- Measúnú agus Dearadh fhorluí athdhromchlaithe bóthair do Bhóthar an Duga agus measúnú toillidh ar Thimpeallán Dhroichead na Sionainne.

### Oibreacha Athdhromchlaithe Bóithre

Chuathas i mbun oibreacha athdhromchlaithe le linn na bliana 2006 sna réimsí seo a leanas:

- Sráid Uí Chonaill
- Sráid Mhala
- Cé na gCeannaithe
- Ascaill Kenyon
- Ashbrook
- Bóthar Bhéal Átha Síomóin
- St. Bóthar Naomh Pádraig
- Bóthar Bhaile an Mhuilinn
- Sráid Cecil
- Cearnóg Pery
- Sráid Uí Mhaolchraoibhe
- Sráid an tSéipéil
- Highfield

### Park Magic

Chuaigh Comhairle Cathrach Luimnigh i mbun próisis tairisceana mhionsonraithe i rith 2006 le soláthraí córais íoctha páirceála atá cumasaithe go leictreonach a shlánú i gCathair Luimnigh. Ba í Park Magic an chuideachta rathúil, agus tugadh isteach córas íoctha páirceála fóin phóca le linn na bliana 2006. Is féidir leas a bhaint as an gcóras sin i gcomhair íoc na muirear páirceála i gComhairle Cathrach Luimnigh ar spásanna páirceála sráide agus ag roinnt de na carrchlóis phríobháideacha.

## SEIRBHÍSÍ UISCE

### Dramhuisce

Tá gach conradh faoi Tionscadal Príomhdhraenála Luimnigh comhlíonta. Is í Comhairle Cathrach Luimnigh a bhí i gceannas ar Thionscadal Príomhdhraenála Luimnigh, lenar bhain 19 mórchonradh innealtóireachta le 5 bliana anuas, mar an príomhúdarás, i gcomhar le Comhairle Chontae Luimnigh agus Comhairle Chontae an Chláir. Ba í an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus faoi Chiste Comhtháthaithe an AE a sholáthair maoiniú don Tionscadal.

Coinníonn an Mhonarcha Cóireála Dramhuisce, an Mhonarcha Sloda agus na Stáisiúin Chaidéalaithe úra orthu ag oibriú go sásúil. Fuarthas sa bhliain 2006 an Tuarascáil ar iniúchadh EPA a rinneadh sa bhliain 2005, agus a bhí moltach as gach gné de na Monarchana Cóireála Dramhuisce agus Sloda.
Uasghrádaíodh an Mhonarcha Triomaithe Sloda sa bhliain 2006 chun cloí le ceangaltais ATEX mar a imlínítear i SI 238.

Cumasófar leis an tionscadal fás agus forbairt inbhuanaithe Chathair Luimnigh agus a Purláin amach anseo agus cosaint a thabhairt ag an am céanna do thimpeallacht na habhann agus feabhsú luacha taitneamhachta Aibhneacha na Mainistreach agus na Sionainne chun tairbhe áitritheoirí agus cuairteoirí Luimnigh.

### Uisce

### Cóireáil Uisce

Bronnadh an conradh d'athchóiriú Mhonarcha cóireála Uisce Clareville sa bhliain 2006. Feictear conradh de chineál DBO bheith ann ar feadh 20 bliain leis sin. Athrófar feidhm an Údaráis Áitiúil ó sholáthraí seirbhíse ina fhaireach seirbhíse.

**Príomhlíonra Nua**

Leagadh Príomhlíonra Uisce úr ag na háiteanna seo a leanas:

- Trunclíonra Bhóthair Mhóin an Lín - Píobán 1 ciliméadar de thrastomhas 1000 miliméadar.
- Trá Mhic Fhlannchaidh agus trasnú abhann – líonra uisce iarainn insínte 550 méadar de thrastomhas 300 miliméadar ar Thrá Uí Cheallacháin agus 216 méadar de phríomhlíonra sa trasnú abhann.
- Bóthar Bedford – príomhlíonra uisce 75 méadar de thrastomhas 300 miliméadar agus 75 méadar de thrastomhas 150 miliméadar

**Naisc Nua**
Soláthraíodh naisc sheirbhís uisce do ní ba mhó ná 70 maoin úr i gcaitheamh na bliana.

**Pléascthaí Príomhlíonra Uisce**
Bhí ní ba mhó ná 20 mórphléascadh príomhlíonra uisce sa chathair i rith na bliana 2006. Deisíodh gach pléascadh den phríomhlíonra uisce láithreach bonn, leis na héifeachtaí teoranta go ginearálta do thréimhse nár mhó ná 12 uair iad.

**Brath Ligin**
D'aimsigh agus dheisigh ár gcriúnna caomhnaithe uisce ní ba mhó ná 220 ligean sa chóras dáileacháin le linn 2006. Laghdaíodh an t-uisce gan chuntas i gcóras dáileacháin na cathrach faoi mheán de 1500 méadar$^3$/ lá.

**Méadair**
Conradh a bhronnadh chun méadair uisce a shuiteáil i ngach áitreabh tráchtála i Luimneach.

# ENVIRONMENTAL AWARENESS
# FEASACHT COMHSHAOIL

## Key Highlights of 2006

- Limerick Clare Kerry Replacement Waste Management Plan 2006-2011
- Limerick City celebrates its first birthday as a Fairtrade City
- 11 Schools collected over 10,500 items for reuse in the Schools Oxfam Environmental Challenge
- 5,000 Motor Tax Disc Holders promoting the litter free phone line produced
- Reusable shopping bags distributed during Repak National Recycling Week
- 14 Sustainable Energy School Workshops and 10 'Naturally Wild' Primary Schools Workshops
- 2 Waste Watcher Workshops were held for Secondary Schools & youth leaders along with one Green Schools Seminar for Teachers
- 170 Compost bins sold
- Report on Limerick City Wetlands brought to Council
- Launch of EPA Local Authority Waste Prevention Demonstration Project with partners Sisk & Sons Ltd Building Contractors (part of a regional initiative).
- 12 local areas surveyed on their refuse disposal methods. In addition 12 additional locations were surveyed as part of a Regional Household Waste Collection Survey.
- 788 litter fines issued and 73 successful prosecutions secured
- 69 cases were taken against individuals/companies for breaches of the Waste Management Act 1996 and 20 successful prosecutions were secured
- 29 horses impounded under Control of Horses legislation
- Participation in annual pollution exercises throughout 2006
- 10 additional textile banks were introduced at 7 locations throughout the city. Cardboard recycling was introduced at the Park Road.
- Collection of approximately 860 tonnes of Glass or 3 million bottles & jars and 64 tonnes of cans or 3.5 million cans from City Bring Banks.
- 19 audits were carried out on Waste Collectors based in the city and 13 Waste Permitted premises were also audited.
- 4 Road Side Waste Enforcement Checkpoints carried out with Gardai
- 90 Litter pollution surveys were carried out on Limerick City Council streets as part of the 6th National Litter Monitoring Survey
- 25 retailers in city inspected for compliance with the Waste Electrical & Electronic Equipment Regulations and acceptance sites audited for storage and treatment of WEEE
- Commencement of Longpavement Remediation Works
- In excess of 100 Retailer inspections carried out under the ban on the Bituminous Coal regulations.
- Regional Local Authority Agreement to commence using bio-fuel on council fleet.

< Left > To mark the current phase of upgrading works at Corbally Woods the Mayor, Cllr. Diarmuid Scully, along with five pupils from Scoil Ide planted oak, alder and beech trees at the woods in Shannon Banks.

Pictured with the Mayor are from left: Michael O'Halloran, Parks Department, Greg O'Shea, Shane O'Sullivan, Anthony Byrne, Junior Mayor, Maebh Hurley, Una O'Neill, Des Murphy, Parks Department and Diarmuid Reidy.

< Above left to right >
Volunteer litter group

Moyross Community Centre working to clean up the area, Pat Mulqueen and John O'Flaherty

Limerick Looking Good Awards

< Left > Mayor Diarmuid Scully launched a new OXFAM bring bank in Park Road Depot, pictured with Geraldine Kennedy and Anne McGlynn, managers of the Oxfam shop, William Street.

## Buaicphointí Comhshaoil

- Plean Athchuir Bhainistithe Dramhaíola Luimnigh an Chláir Chiarraí 2006-2011
- Ceiliúrann Cathair Luimnigh a céad bhreithlá mar Chathair Cóir-Thrádála
- Bhailigh 11 scoil ní ba mhó ná 10,500 mír le hathúsáid i nDúshlán Comhshaoil Scoileanna Oxfam
- 5,000 Coinneála Mótarchánach a tháirgeadh leis an líne ghutháin saor ó dhramhaíl a chur chun cinn
- Málaí siopadóireachta in-athúsáidte a leithdháileadh i rith Seachtain Athchúrsála Náisiúnta Repak
- 14 Ceardlann Scoile um Fhuinneamh Inbhuanaithe agus 10 gCeardlann Bunscoileanna dar teideal 'Naturally Wild'
- Reáchtáladh 2 Cheardlann d'Fhaireoirí Dramhaíola d'Iarbhunscoileanna & ceannairí óige i dteannta le Seimineár Scoileanna Glasa amháin do Mhúinteoirí
- 170 araid múirínithe díolta
- Tuarascáil um Bogaigh Chathair Luimnigh chuig an gComhairle
- Seoladh Tionscadail Taispeána Cosctha Dramhaíola Údaráis Áitiúil an EPA leis na comhpháirtithe Conraitheoirí Tógála Sisk & Sons Ltd (cuid de thionscnamh réigiúnach).
- Rinneadh suirbhé ar 12 ceantair áitiúla ar a modhanna diúscartha dramhaíola. Rinneadh suirbhé freisin ar 12 ionad bhreise mar chuid de Shuirbhé Réigiúnach um Bailiú Dramhaíola Teaghlaigh.
- 788 fineáil dramhaíola eisithe agus 73 ionchúiseamh rathúil faighte
- Tugadh 69 cás i gcoinne daoine aonair/cuideachtaí as sáruithe an tAcht um Bainistiú Dramhaíola 1996 agus slánaíodh 20 ionchúiseamh rathúil
- 29 capall gaibhnithe faoi reachtaíocht um Rialáil Capall
- Rannpháirteachas i gcleachtaí truaillithe bliantúla ar fud na bliana 2006
- Tugadh isteach 10 mbanc teicstíle breise ag 7 n-ionad ar fud na cathrach. Tugadh isteach athchúrsáil cairtchláir ag Bóthar na Páirce.
- Bailiú timpeall 860 tonna de Ghloine nó 3 mhilliún buidéal & crúscaí agus 64 tonna de channaí nó 3.5 milliún canna ó Láithreáin Athchúrsála na Cathrach.
- Rinneadh 19 iniúchadh ar Bhailitheoirí Dramhaíola bunaithe sa chathair agus rinneadh iniúchadh freisin ar 13 áitreabh Ceadaithe Dramhaíola.
- 4 Seicphointe Forfheidhmiúcháin Dramhaíola ag Colbha an Bhóthair curtha i gcrích leis an nGarda
- 90 suirbhé truaillithe dramhaíola déanta ar shráideanna Chomhairle Cathrach Luimnigh mar chuid den 6ú Suirbhé Monatóireachta Dramhaíola Náisiúnta
- Rinne 25 miondíoltóir sa chathair scrúdú i gcomhair comhlíonta le hiniúchadh déanta ar na Rialacháin Dramhthrealaimh Leictrigh & Leictreonaigh agus suímh ghlactha do stóráil agus cóireáil WEEE
- Tosú Oibreacha Leasúcháin Fadphábhála
- Rinneadh ní ba mhó ná 100 scrúdú Miondíoltóra faoi réir na Rialachán um Ghual Biotúmanach.
- Comhaontú Údaráis Áitiúil Réigiúnaigh chun tosú ag baint leas as bithbhreosla le cabhlach na comhairle.

< Left > The Longpavement Landfill contract signing.
*Seated from left:* Cllr. Kevin Kiely, Chairman, Cultural and Sport SPC; Mayor Cllr. Joe Leddin; Tom Mackey, City Manager; Kevin O'Callaghan, McSweeney Building and Civil Engineering Ltd and Ger McLoughlin, Chairman Environment SPC.
*Standing from left:* Tara Flanagan, Resident Engineer, Limerick CC; Joe Harte, Project Manager, LCC; Olive Downes, Tobin Consulting Engineers; Oliver O'Loughlin, Director of Service, LCC and Kieran McGovern, Tobin Consulting Engineers.

< Above > The launch of a new waste prevention demonstration programme - The local authority prevention Demonstration (LAPD) which aims to prevent waste being generated in participating businesses, the public sector & academia.

< Above > Mayor of Limerick Joe leddin launching a business initiative to combat cigarette litter in the city.

'Make Fairtrade Your Habit' at the coffee morning in city hall to celebrate Fairtrade Fortnight.

# POLICY DEVELOPMENT & FUTURE PLANNING
# FORBAIRT BHEARTAIS & PLEANÁIL TODHCHAÍ

Realising the economic potential of the City by the provision of infrastructure and the promotion of retailing, tourism and general commercial and industrial development.

**Key services of this department include:**
- The Review of the City Development Plan
- The Control of Development
- The implementation of Government programmes for tax exempt developments
- The Conservation of Natural and Built environment
- The provision of advice and guidance

**A considerable scope of work was achieved during the year, which included:**
- Completion of Strategic Environmental Assessment Baseline Report
- Final certification issued in relation to development sites under the Integrated Area Plan and levies collected amounting to €1,495,965
- Phase I works amounting to €1.6 million on the Canal under the 'Water in Historic Cities' Project completed
- Pre-consultation on Docklands Local Area Plan by publishing Consultants Report.
- Continuing to await Minister's decision on the City Boundary Extension

**Significant planning permissions issued in 2006 included:**
- Commercial/Retail/Office development at Punches Cross
- Office development at former County Council building in O'Connell Street and 23 – 27 Henry Street
- Opera Centre development at Rutland Street/ Michael Street/Ellen Street
- Development of Ardhu Hotel, Ennis Road.

Development levies in the amount of €8.4 million were collected.

Poitéinseal eacnamaíoch na Cathrach a bhaint amach trí bhonneagar a sholáthar agus miondíol, turasóireacht agus forbairt ghinearálta tráchtála agus thionsclaíoch a chur chun cinn.

**Áirítear le heochairsheirbhísí na rannóige seo:**
- Athbhreithniú ar Phlean Forbartha na Cathrach
- An Fhorbairt a Rialáil
- Cláir an Rialtais i gcomhair chur i bhfeidhm na bhforbairtí atá díolmhaithe ó cháin
- Caomhnú an chomhshaoil nádúrtha agus tógtha
- Soláthar comhairle agus treorach

**Baineadh amach scóip oibre nach beag i rith na bliana, lenar áiríodh:**
- Comhlíonadh na Tuarascála Bonnlíne um Measúnú Comhshaoil Straitéiseach
- Teistiméireacht deiridh eisithe i ndáil le suímh fhorbartha faoin bPlean Limistéir Chomhtháite agus tobhaigh a bailíodh ag teacht chuig €1,495,965
- Comhlíonadh oibreacha Chéim I ag teacht go €1.6 milliún ar an gCanáil faoin Tionscadal 'Uisce sna Cathracha Stairiúla'
- Réamhchomhairliúchán ar Phlean Limistéir Áitiúil na nDugaí trí Thuarascáil na gComhairleach a fhoilsiú.
- Coinneáil orainn ag fanacht ar chinneadh an Aire i leith Síneadh Theorainn na Cathrach

**Áiríodh leis na ceadanna pleanála suaithinseacha a eisíodh sa bhliain 2006:**
- Forbairt tráchtála/miondíola/oifige ag Punches Cross
- Forbairt oifige ag foirgneamh na Comhairle Contae roimhe seo ar Shráid Uí Chonaill agus 23 - 27 Sráid Anraoi
- Forbairt Ionad Opera ag Sráid Rutland/Sráid Mhichíl/Sráid Eibhlín
- Forbairt Óstán Ardhu, Bóthar na hInse.

Bailíodh tobhaigh fhorbartha arbh fhiú an tsuim €8.4 milliún iad.

# FIRE & RESCUE SERVICE
# SEIRGHÍSÍ DÓITEÁN & TARRTHÁLA

### Mission
Minimise the risk of fire and other emergencies to life, property and environment and providing an integrated organisational response to fire and major emergencies.

## KEY ACHIEVEMENTS

### Fire & Rescue
- Attended 2117 incidents with 1346 of these incidents being fires and 323 of these incidents being special service incidents such as road traffic accidents, water pumping/flooding etc.
- Provision of a B.A. Recovery Room
- Refurbishment of Muster Bay area and station officers' rooms within the Fire Station
- Replacement of overhead appliance doors with a safe modern system
- All hydraulic cutting equipment converted to the more efficient and safer Core System

Training courses were provided for staff in the following areas:
- First Responder, Block Training, Senior and Junior Officers Courses in conjunction with Fire Services Council, Swift Water Technician, BA Refresher
- Average mobilising time was 1 minute and 26 seconds.

### Fire Prevention, Building Control and Dangerous Structures
Ensuring the health, safety and welfare of people who occupy or use buildings, through ensuring the reduction of fire risk, ensuring a proper means of escape, ensuring access for people with disabilities along with the conservation of fuel and energy.

**Planning Application Referrals:**
- 101 planning applications were referred to the Department for comment and reports on these applications were issued to the Planning Department under Section 13 of the Fire Services Act 1981 and Part M of the Building Regulations 1997

**Fire Safety Certificate Applications:**
- Number of Applications received and assessed: 126

**Number of Commencement Notices Received:**
- Commencement Notices received and assessed: 173

**Licensing of Premises**
**(S.24 of The Fire Services Act 1981):**
- Total number of inspections carried out on licensed premises: 64

**Event Planning:**
- The Fire Prevention Department was involved in an advisory capacity in relation to 8 major sporting and social events.

**Dangerous Structures (Sanitary Services Act 1964):**

| | |
|---|---|
| No. of structures: | 21 |
| No. of inspections: | 22 |

**Inspections of Existing Buildings (Building Control and Fire Prevention):**

| | |
|---|---|
| No. of premises: | 51 |
| No. of inspections: | 160 |

The Department also provides a public advice and complaints service and during 2006, 13 complaints were investigated and reported on.

## MUNSTER REGIONAL COMMUNICATIONS CENTRE

In 1992, Limerick City Council, as lead Authority, initiated a project to establish a regional mobilisation and communications system on behalf of the Fire Authorities in Munster. This project was completed in 1993 and has been improved upon and expanded up to present time. The Munster Regional Communications Centre (MRCC) is now part of a national network of three fire service mobilisation and communications centres, and reflects current best practice in all aspects of its activities, including its operational response, technology and management. The Centre currently provides emergency call-taking and mobilisation services for all 10 Local Authority

**Munster Regional Communications Centre**
< Back l to r > Fergal Stack, Michael Ryan, Gerard O'Driscoll. < Front l to r > Alison Morris, Denise McAuliffe, Kathleen Lysaght.

**Fire Station**
< Back l to r > Pat Deedigan, Darren Horan, Michael Ryan, Flan Brennan, Gearoid Browne. < Front l to r > Marie Gorey, Brigid Mulcahy, Pat McNamara, Margaret Corbett, Aisling O'Brien.

Fire Services in the Munster Region; Clare County Council, Cork City Council, Cork County Council, Kerry County Council, Limerick City Council, Limerick County Council, North Tipperary County Council, South Tipperary County Council, Waterford City Council, and Waterford County Council.

Since its inception in 1992, the Centre has processed in excess of 200,000 calls, and now mobilises 66 retained and 4 full-time Fire Stations in Munster. The Centre itself is a 24x7x365 operation, and employs a system of procedures to ensure that it operates to the highest possible standard. Approximately 20,000 999/112 emergency calls are answered and processed per annum in a prompt and efficient manner, so that the correct Fire Brigade is mobilised to an emergency incident as quickly as possible. The Centre also provides a mobilising service for Limerick Marine Search and Rescue.

**Project Implementation**
A tenth partner Fire Service joined the Regional Mobilising System in 2006. In July Waterford City Council Fire Service began working with the Munster Regional Communications Centre, and in doing do placed the centre in the position of being the first national Fire Service Regional Control Centre to have 100% participation from the Fire Services within its area of operations.

**ISO 9001:2000**
The Munster Regional Communications System was awarded certification to the prestigious, internationally recognised ISO9001:2000 quality award by the National Standards Authority of Ireland in 2005. This certification was awarded across all areas of the Centre's operations, including operational incident processing, finance, training, management information systems, project management etc. In 2006 the Centre underwent its first re-certification audit and successfully achieved recertification to the ISO9001:2000 quality management standard.

In 2006 the Centre's quality management project was nominated for the European UDITE award for performance improvement. (UDITE is a European body made up of local Authority/Local Government organisations.) Following an intensive national and European audit process the project finally finished in the top four UDITE European projects and received an award at the UDITE Congress in Malta. The project was also presented at the LGMSB's 'Excellence in Public Service' conference in Dublin in 2006.

### Misean

An baol dóiteáin agus éigeandálaí eile do shaol, maoin agus don timpeallacht a íoslaghdú agus freagra eagraíochtúil comhtháite ar dhóiteáin agus mór-éigeandálaí a sholáthar.

## EOCHAIR-ÉACHTAÍ

### Dóiteán & Tarrtháil

- D'fhreastail ar 2117 teagmhas le 1346 de na teagmhais sin ina ndóiteáin agus 323 de na teagmhais sin bheith ina dteagmhais sainseirbhíse ar nós timpistí tráchta bóithre, caidéalú/tuile uisce srl.
- Soláthar Seomra Téarnaimh B.A.
- Athchóiriú limistéar Bhá Cruinnithe agus seomraí na n-oifigeach stáisiúin laistigh den Stáisiún Dóiteáin
- Athchur comhlaí gléis lasnairde le córas nua-aimseartha sábháilte
- Tiontú gach trealamh gearrtha hiodrálach go dtí an Croí-Chóras níos éifeachtúla agus níos sábháilte

**Soláthraíodh cúrsaí oiliúna don fhoireann i ngach aon limistéar seo a leanas:**

- Céad Fhreagróir, Blocoiliúint, Cúrsaí Oifigeach Sinsearach agus Sóisearach i gcomhar le Comhairle na Seirbhísí Dóiteáin, Teicneoir Uisce Mhear, Athnuachan BA
- Ba é 1 nóiméad 26 soicind an meánachar slógtha.

### Cosc Dóiteáin, Rialáil Foirgnimh agus Struchtúir Chontúirteacha

Sláinte, sábháilteacht agus leas daoine a áitíonn nó a bhaineann úsáid as foirgnimh, trína phriacal dóiteáin a chinntiú, bealach éalaithe ceart a chinntiú, rochtain a chinntiú do dhaoine le míchumais chomh maith le caomhnú breosla agus fuinnimh.

**Atreoruithe Chead Pleanála:**

- Atreoraíodh 101 iarratas pleanála chuig an Rannóg i gcomhair molta, agus eisíodh tuairiscí i leith na n-iarratas sin don Rannóg Pleanála faoi Alt 13 den Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus Cuid M de Rialacháin Tógála 1997

**Iarratais ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán:**

- Líon na nIarratas a fuarthas agus ar a ndearnadh measúnú: 126

**Líon na bhFógraí Tosach Feidhme a Fuarthas:**

- Fógraí Tosach Feidhme a fuarthas agus ar a ndearnadh measúnú: 173

**Ceadúnú Áitreabh (S.24 den Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981):**

- Líon iomlán na gcigireachtaí a rinneadh ar áitreabh ceadúnaithe: 64

**Pleanáil Imeachtaí:**

- Bhí baint ag an Rannóg Cosctha Dóiteáin ar chumas comhairleach i ndáil le 8 mór-imeacht spóirt agus sóisialta.

**Struchtúir Chontúirteacha (An tAcht um Sheirbhísí Sláintíocha 1964):**

| | |
|---|---|
| Líon na struchtúir: | 21 |
| Líon na gcigireachtaí: | 22 |

**Cigireachtaí na bhFoirgneamh dá bhfuil Ann (Rialáil Foirgnimh agus Cosc Dóiteáin):**

| | |
|---|---|
| Líon na n-áitreabh: | 51 |
| Líon na gcigireachtaí: | 160 |

Soláthraíonn an Rannóg seirbhís comhairle phoiblí agus gearán agus le linn na bliana 2006, le fiosrú agus tuairisciú i leith 13 gearán.

## IONAD CUMARSÁIDE RÉIGIÚNACH NA MUMHAN

Thionscain Comhairle Cathrach Luimnigh, mar an tÚdarás ceannais, tionscadal chun córas slógtha agus cumarsáide réigiúnaí a fhorbairt thar ceann na nÚdarás Dóiteáin i gCúige na Mumhan. Críochnaíodh an tionscadal sin thiar sa bhliain 1993 agus cuireadh feabhas air agus cuireadh leis ó shin i leith freisin. Is cuid de líonra náisiúnta de thrí ionad slógtha agus cumarsáide dóiteáin anois é Ionad Cumarsáide Réigiúnaí na Mumhan, agus léiríonn an cleachtas is fearr sna gnéithe uile dá ghníomhaíochtaí, lena n-áirítear a fhreagra oibriúcháin, teicneolaíocht agus bainistiú.

Munster Fire Communications Centre receive ISO 9000, awarded by Minister for Environment, Heritage and Local Government Dick Roche T.D

Soláthraíonn an tIonad seirbhísí éigeandála chun glacadh le glaonna agus slógtha do na 10 Seirbhís Dóiteáin Údaráis Áitiúil go léir thart ar Chúige na Mumhan: eadhon Comhairle Chontae an Chláir, Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Chontae Chorcaí, Comhairle Chontae Chiarraí, Comhairle Cathrach Luimnigh, Comhairle Chontae Luimnigh, Comhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh, Comhairle Chontae Thiobraid Árann Theas agus Comhairle Chontae Phort Láirge.

Ó cuireadh tús leis thiar sa bhliain 1992 is amhlaidh atá os cionn 200,000 glao faighte ag an Ionad agus slógann sé 66 Stáisiún Dóiteáin áirithe agus 4 Stáisiún Dóiteáin lánaimseartha i gCúige na Mumhan. Bíonn an tIonad féin ar oscailt 24 uair sa lá, 7 lá na seachtaine, 365 lá sa bhliain, agus úsáideann córas nósanna imeachta chun a chinntiú go n-oibríonn sé don chaighdeán is airde agus is féidir. Freagraítear agus próiseáiltear thart ar 20,000 glao éigeandála 999/112 in aghaidh na bliana ar bhealach tapa éifeachtúil, ionas go slógtar an Bhriogáid Dóiteáin cheart chuig an teagmhas éigeandála chomh tapa agus is féidir. Soláthraíonn an t-ionad seirbhís slógtha freisin do Sheirbhís Cuardaigh agus Tarrthála Mhuirí Luimnigh.

**Forfheidhmiú Tionscadail**
Ghlac an deichiú Seirbhís Dóiteáin is comhpháirtí ballraíocht leis an gCóras Slógtha Réigiúnach sa bhliain 2006. Thosaigh Seirbhís Dóiteáin Chomhairle Cathrach Phort Láirge ag obair i mí Iúil le hIonad Cumarsáide Réigiúnach na Mumhan, lenar cuireadh an t-ionad bheith mar an chéad Ionad Rialaithe Réigiúnach náisiúnta de chuid na Seirbhíse Dóiteáin le rannpháirteachas 100% bheith ann ó na Seirbhísí Dóiteáin laistigh dá limistéar oibríochtaí.

**ISO 9001:2000**
Bhronn an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann teistiméireacht thiar sa bhliain 2005 ar Chóras Cumarsáide Réigiúnach na Mumhan don dámhachtain cáilíochta ghradamúil ISO9001:2000 a aithnítear go hidirnáisiúnta. Bronnadh an teistiméireacht sin trasna gach limistéar d'oibríochtaí an Ionaid, lenar áiríodh próiseáil teagmhais oibríochtúil, airgeadas, oiliúint, córais faisnéise bainistíochta, bainistiú tionscadail srl. Chuaigh an tIonad i mbun a chéad ateistiméireachta sa bhliain 2006 agus d'éirigh leis ateistiméireacht a bhaint amach don chaighdeán bainistithe cáilíochta ISO 9001:2000.

Ainmníodh tionscadal bainistithe cáilíochta an Ionaid sa bhliain 2006 don ghradam UDITE Eorpach um fheabhsú feidhmíochta. (Is comhlacht Eorpach é UDITE d'eagraíochtaí Údaráis áitiúil/Rialtais áitiúil.) Chríochnaigh an tionscadal sna chéad cheithre thionscadal Eorpacha de chuid UDITE faoi dheireadh tar éis dianphróisis iniúchta Eorpaigh agus náisiúnta, agus fuair gradam ag Comhdháil UDITE i Málta. Cuireadh an tionscadal i láthair ag comhdháil LGMSB 'Feabhas sa tSeirbhís Phoiblí' i mBaile Átha Cliath sa bhliain 2006.

# ARTS & CULTURE
# EALAÍONA & CULTÚR

## LIMERICK CITY GALLERY OF ART

### Exhibition Highlights

Here There Now Then The Connolly Cleary Exhibition in November, proved to be a highlight of the year with over 3,000 visitors attending the exhibition. Many of those attending were brought by word of mouth particularly lead by young people's enjoyment of the exhibition.

Fresh, Re-imagining The Collection, the exhibition curated by Pippa Little, former Shinnors Scholarship LCGA featured both work from the collection and new work by contemporary artists. This exhibition also toured to the West Cork Arts Centre. Fresh, Re-imagining the collection included the work of Amanda Coogan, Jill Dennis, Neva Elliott, Sam Ely and Lynn Harris (UK), Ciara Finnegan and JFK Primary School, Marie Foley, Alice Maher, Alan Magee, Linda Molenaar (NTL), Melanie O'Rourke and Alan Phelan

### Access II. Application

Application has been made to the Department of Arts, Sport and Tourism for funds for the renovation and renewal of Limerick City Gallery of Art.
A planning application in relation to the proposed project was submitted in December. Limerick City Gallery of Art received an allocation of €250,000 from the Department of Arts, Sports and Tourism to carry out repairs works and for the design fees for the phase II development of the Gallery.

### Visitor Statistics for 2006 & 2005




**Total number of visitors**

24,473 22,065 17,117

**Visitors**




### Disabled Access

Work on the footpath and disabled access completed outside the City Gallery.

### Museum Accreditation

LCGA have accepted for the process of Museum Accreditation under a new scheme from the Heritage Council. This process will be ongoing for three to five years to achieve the appropriate standards.

Voices of Limerick Choir during their performance at the Millie and Gavin Murray benefit concert held in the Franciscan Friary.

Karl Wallace, Director, Mayor Cllr. Joe Leddin and Mícheál Ó Súilleabháin, Musical Composer at the Irish Premiere of Outlying Islands at the Island Theatre Company, St. Munchins Church.

# LIBRARY SERVICES

## Highlights in 2006

The publication of 'The Government and the People of Limerick: The History of Limerick Corporation/City Council 1197–2006' is perhaps the greatest highlight of 2006. It is the first account of the entire history of an Irish municipal authority ever written. This book was researched and written by Dr. Matthew Potter, who is an employee of Limerick City Council.

## New Library at Watch House Cross

The fit out of this new purpose built library commenced in August and it is expected that the library will open to the community in the Spring of 2007.

## Social Inclusion

A sum of money was made available by the Social Inclusion Unit to give greater access to people with disabilities. A new signage system with Braille was purchased. Induction loops were also purchased to facilitate those people who are hard of hearing.

## Children's Book Festival

For the entire month of October, children were entertained with a variety of activities and events. The most notable were author visits by Catherine Forde, Susie Minto, Marie-Louise Fitzpatrick and Judi Curtin. 'Poddi & Jacko's Misadventure' Puppet Show was enjoyed by children from junior infants to third class. Other events included storytelling, poetry workshops, talks and annual inter-schools quiz.

## Library Ireland Week

Library Ireland Week, the second year since its inception, provided a number of events to promote the library service to children and adults alike. Events ranged from a talk on Irish Gardening to Creative Writing and Energy Workshops for schools.

## Ordnance Survey Mapping Series

In co-operation with Ordnance Survey Ireland and the Irish Library Council, the early years of the Mapping Series are available in the Local Studies Department.

## Lectures & Launches

Limerick City Library hosted nine lectures throughout the year. Some of the topics covered were, *'History of Cinema in Limerick'*, *'Marching Bands and Political unrest in Limerick'*, *'The Life & Career of Richard Harris'*, *'Rudolph, Bing and the Edinburgh Festival'*, and *'What does America mean to you? Ireland and Emigration in the 20th Century'*. In addition the library hosted 5 Book Launches from *'Stories of Limerick'*, *'Their name liveth for ever more: Memorial Record of the Limerick Casualties of World War II'* to *'Limerick Nature Walks'* and *'Collection of Poetry'* by Desmond O'Grady.

## Statistics

**Library Usage 2006**

| | |
|---|---|
| Issues: | 191,239 |
| Registrations: | 10,481 |
| PC & Internet Sessions: | 17,427 |
| Visitors: | 125,538 |

**Additions to Stock**

| | |
|---|---|
| General: | 23,509 |
| Schools: | 6,583 |

## Limerick City Council Arts Service Events 2006

**UnFringed**

UnFringed 2006 launched its exciting and varied theatre programme at the Belltable Arts Centre, January 19th. Within the comprehensive programme were three stellar international shows. Each of these very different productions garnered accolades from critics and audiences alike at international Fringe Festivals, in Edinburgh, Canada and Prague. First up, was *'The Ugly Duchess'*, written by esteemed Canadian playwright Janet Munsil, an hour-long monologue performed by the actor Paul Terry, *AmerWrecka*, described as 'Moulin Rouge Meets Fahrenheit 911'. An original play written and directed by J.D. Lewis. *Breakfast at Audrey's*, winner of a coveted Scotsman Fringe First at this year's Edinburgh Fringe Festival. *Mamuska Night* with Daghdha Dance Company, dance, video, poetry, installation and performance, *Karl Spain* performed the closing act for this years Unfringed Festival.

**The 22nd Kate O'Brien Weekend**

The Kate O'Brien Weekend kicked off the Spring Cultural Calendar in February. In it's 22 year the weekend honoured the city's most famous deceased author. *'Creative Impulse'* was this years theme, appropriate for a city which is fast gaining a reputation as a creative and vibrant cultural location was delivered by Dorothy Cross, best known in Ireland for her 'Ghost Ship' which was moored in Dun Laoghaire harbour. Juxtaposed to Dorothy Cross in Subadassi, a Buddhist poet and writer who spoke on 'Creativity as a Art Form' from a spiritual perspective.

**Island Theatre Company – Under Milkwood by Dylan Thomas**

Under Milk Wood tells the story of a Welsh seaside village with its vivid and colourful characters and is in turn funny, touching and delightful. In this Island production, Myles Breen and Irish Times Theatre Awards 'Best Actor' nominee Jon Kenny played more than 50 characters between them, as they celebrate life, living and loving in this wonderful feast for senses.

**Fresh Film Festival**

Limerick's annual film festival for young people returned for its ninth year of film fun. This years programme included workshops and both feature and short film screenings. The Irish Schools Film Competition changed to Ireland's Young Film-maker of the Year reflecting the growing interest from individual young film-makers and Fresh Film's position as Ireland' s largest film festival for under 18's.

**ev⁺a, exhibition of visual⁺ art 2006**

ev⁺a 2006 was based on ideas of generosity, sharing, communication, social interaction and exchange. It was an exhibition *for* the city and maybe *about* the city, although not exclusively so.

**Cuisle, Limerick City International Poetry Festival**

2006 marked the tenth Cuisle Festival in Limerick City, celebrating local, national and international excellence in poetry. The festival took place in October with 20 poets from five different countries visiting.

The national and international line up of poets included Adrian Mitchell, Naomi Foyle, Imtiaz Dharker, Christopher Meredith, Saeid Hooshangi, George Szirtes, Brendan Kennelly and Maria Jaztrzębska.

< Opposite left > Don Conroy, Irish wildlife artist and children's author at Limerick City Library, Art in the Community Workshop.

< Opposite right > Limerick City Library art and craft activity classes.

< This page > Limerick City Library Anne Frank Exhibition

Four book launches took place during the festival, each title an exciting new presence in the literary Irish writing scene, REVIVAL, The Stony Thursday, Surreal Man, Chapbook by Ciaran O'Driscoll and Brendan Kennelly's new 'When Then is Now'. To celebrate the achievements of Limerick poets, a series of lunchtime readings at Impact Theatre Company in O'Connell Street celebrated the work of Tom Henihan, and Tim Cunningham whose new book Unequal Truths was also launched during the festival.

Another Limerick son returned to our shores for the festival. Irish composer/violinist Colm O'Riain teamed up with Sri Lankan poet Pireeni Sundaralingam to weave together poetry and music in a series of duets exploring the rich interconnections between a host of lyric traditions, including Irish ballad and Indian raag.

Susie Minto enthralled children in Limerick City Library during the festival with her unique style of story telling. Her deep love for stories and their energy was evident kinds of tales - traditional stories and legends from her Scottish roots and from many world cultures, as well as personal anecdotes and spontaneous stories straight from her imagination.

For those of us who are sometimes daunted by the range of styles in poetry, Gerry Hanberry lead a workshop on *'How to Read Contemporary Poetry'.*

Limerick celebrated 25 years of twinning with the French City Quimper and to honour this relationship the Quimper poet Lionel Poiraudeau was invited to Cuisle and teamed up with an Irish poet living in Paris, Derry O'Sullivan.

## Educational Projects

**Irish Chamber Orchestra**

The Irish Chamber Orchestra in association with the Arts Office of Limerick City Council worked in three southside city schools. The composer Elaine Agnew, who likes to write music which is direct: sudden disruptive jolts contrasting with ritualistic still textures and whispers, worked with Galvone National School, Our Lady Queen of Peace, and Our Lady of Lourdes.

**Young ev+a**

Anna Sherbany is a visual artist and leading community photographer with many years of educational experience developing photography projects in partnership with community organisations and educational institutions in Britain and internationally. She spent 8 weeks in Limerick working with Gaelscoil Sairseal and Corpus Christi National Schools on a project entitled 'Photoworks'.

**Writer in Residence**

The writer Susie Minto began a 2 month residency in Corpus Christi National School in Moyross. Inspired by the artwork in the Permanent Collection at Limerick City Art Gallery, Susie stimulated storymaking with the 5th class children culminating in a storytelling performance by the pupils and a showcase in the form of a publication of their completed work. Corpus Christi National School is a designated disadvantaged school with 307 pupils and a total of 28 teachers on staff.

## % for Art Projects

Two per cent for art projects will proceed in 2006. These are Grove Island with the artist Andrew Kearney and Moyross Library with the artist Sean Lynch.

**Funding from the Arts Council allocated to Limerick Arts Organisations 2006**

| | |
|---|---|
| Total | €2,323,200 |

**Capital Funding from The Arts Council awarded to Limerick Arts Organisations 2006**

| | |
|---|---|
| Total | €244,313 |

## Jim Kemmy Municipal Museum

There were 181 additions to the museum collection during the year. Notable among them were: an RIC officer's Webley pistol taken at the Dromkeen ambush, 1921; four nineteenth century Limerick pocket watches by C. Cromer, Moser Brothers, R. Wallace and Edward Moser; the flag used by Mayor Casey to start the first Limerick road motor race, 1935; the Civil Articles of Limerick, printed in 1692; eighteenth century prints of William, Lord Blakeney of Co. Limerick, MP for Kilmallock 1727–56 and of St. Mary's Cathedral, a photograph by O'Brien & Doyle, Thomas St., of Limerick Rovers cricket team, 1885, an edition of the Illustrated London News reporting the trial of William Smith O'Brien, 1848, and a collection of memorabilia of the Harrison Lee foundry, including a silver medal for the best production of agricultural implements.

There were 972,720 hits on the online catalogue during the year, totalling over two million since the launch in June 2004, and email enquiries and comments were received from all over the world.

A grant was received from the Heritage Council towards the restoration of the painting, The New Bridge at Limerick by Samuel Brocas, c.1820. Visitor numbers were 13,775.

**Limerick City Library**
< From top > Anthony Dollard, Margaret Griffin, Mary O'Brien, Bernadette Browne, Sean Gannon, Michael Maguire, Mary King, Deirdre O'Dea, Eileen McMahon.

**Jim Kemmy Municipal Museum**
< Back > Brian Hodkinson.
< Front l to r > Larry Walsh, Margaret Bourke, Tom Keogh.

# GAILEARAÍ EALAÍNE CHATHAIR LUIMNIGH

## Buaicphointí an Taispeántais

Ba bhuaicphointe den bhliain í Here There Now Then The Connolly Cleary Exhibition i mí na Samhna, le ní ba mhó ná 3,000 cuairteoir ag freastal ar an taispeántas. Ar an mbéal beo a chuala go leor díobh siúd den lucht freastail faoin imeacht, go háirithe de bharr an taitnimh a bhain daoine óga as an taispeántas.

Fresh, Re-imagining The Collection, taispeántas arna chaomhnú le Pippa Little, iar-Scoláireacht Shinnors LCGA; le saothar ann ón mbailiúchán agus saothar nua le healaíontóirí comhaimseartha. Chuaigh an taispeántas sin ar camchuairt chuig Ionad Ealaíon Iarthar Chorcaí freisin. Fresh, Re-imagining an bailiúchán lenar áiríodh saothar Amanda Coogan, Jill Dennis, Neva Elliott, Sam Ely agus Lynn Harris (Ríocht Aontaithe), Ciara Finnegan agus Bunscoil JFK, Marie Foley, Alice Maher, Alan Magee, Linda Molenaar (NTL), Melanie O'Rourke agus Alan Phelan

## Rochtain II. Iarratas

Cuireadh iarratas isteach chuig an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta i gcomhair cistí d'athchóiriú agus athnuachan Ghailearaí Ealaíne Chathair Luimnigh. Cuireadh iarratas pleanála isteach i ndáil leis an tionscadal molta i mí na Nollag. Fuair Gailearaí Ealaíne Chathair Luimnigh leithdháileadh €250,000 ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta chun oibreacha deisiúcháin a dhéanamh agus i gcomhair táillí dearaidh d'fhorbairt chéim II den Ghailearaí.

## Staitisticí Cuairteoirí do 2006 & 2005




**Líon iomlán na gcuairteoirí**

24,473 22,065 17,117

**Cuairteoirí**




## Rochtain Mhíchumasaithe

Obair ar an gcosán agus rochtain mhíchumasaithe comhlíonta lasmuigh de Ghailearaí na Cathrach.

## Creidiúnú Músaeim

Ghlac LCGA don phróiseas Creidiúnúcháin Mhúsaeim faoi scéim úr ón gComhairle Oidhreachta. Beidh an próiseas sin ar bun ar feadh idir trí agus cúig bliana leis na caighdeáin chuí a bhaint amach.

# SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

## Buaicphointí sa bhliain 2006

B'fhéidir gurbh é foilsiú 'The Government and the People of Limerick: The History of Limerick Corporation/City Council 1197 – 2006' an buaicphointe ba mhó den bhliain 2006. Is é an chéad chuntas de stair iomlán d'údarás cathrach Éireannach a scríobhadh riamh. Ba é an Dr. Matthew Potter a rinne taighde agus a scríobh an leabhar, ar fostaí de chuid Chomhairle Cathrach Luimnigh é.

## Leabharlann Nua ag Watch House Cross

Tosaíodh feistiú na leabharlainne nua saintógtha seo i mí Lúnasa, agus táthar ag dúil go n-osclófar an leabharlann don phobal in earrach na bliana 2007.

## Cuimsitheacht Shóisialta

Chuir an tAonad Cuimsitheachta Sóisialta suim airgid ar fáil le rochtain ní ba mhó a thabhairt do dhaoine le míchumais. Ceannaíodh córas comharthaíochta úr le Braille ann. Ceannaíodh lúba ionduchtúcháin freisin leis na daoine úd a bhfuil lagéisteacht acu a éascú.

## Féile Leabhar Leanaí

Fuair leanaí siamsaíocht ar feadh mhí Dheireadh Fómhair go léir ó éagsúlacht gníomhaíochtaí agus imeachtaí. Ba iad na cinn ba thábhachtaí ná cuairteanna údair le Catherine Forde, Susie Minto, Marie-Louise Fitzpatrick agus Judi Curtin. Bhain leanaí taitneamh as Dráma Puipéad 'Poddi & Jacko's Misadventure' idir naíonáin bheaga agus an tríú rang. Áiríodh le himeachtaí eile an scéalaíocht, ceardlanna filíochta, cainteanna agus tráth na gceist idirscoileanna bliantúil.

## Seachtain Leabharlanna na hÉireann

Sholáthair Seachtain Leabharlanna na hÉireann roinnt imeachtaí chun an tseirbhís leabharlainne a chur chun cinn i measc leanaí agus aosach araon, an dara bliain óna tionscnamh. Chuimsigh na himeachtaí idir caint ar an nGarraíodóireacht Éireannach agus Scríbhneoireacht Chruthaitheach agus Ceardlanna Fuinnimh do scoileanna.

## Sraith Léarscáilithe na Suirbhéireachta Ordanáis

Tá blianta luatha na Sraithe Léarscáilithe ar fáil i Rannóg an Staidéir Áitiúil, i gcomhar le Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann agus le Comhairle Leabharlanna na hÉireann.

## Léachtaí & Seoltaí

D'fheidhmigh Leabharlann Chathair Luimnigh mar óst-ionad do naoi léacht ar fud na bliana. I measc roinnt de na hábhair a clúdaíodh bhí *'History of Cinema in Limerick'*, *'Marching Bands and Political unrest in Limerick'*, *'The Life & Career of Richard Harris'*, *'Rudolph, Bing and the Edinburgh Festival'*, agus *'What does America mean to you? Ireland and Emigration in the 20th Century'*.
Ina theannta sin ab amhlaidh a d'fheidhmigh an leabharlann mar óst-ionad do 5 Sheoladh Leabhar idir *'Stories of Limerick'*, *'Their name liveth for ever more: Memorial Record of the Limerick Casualties of World War II'* agus *'Limerick Nature Walks'* agus *'Collection of Poetry'* le Desmond O'Grady.

< Opposite left > Hugh Clery Ward and Shauna Darcey, junior infants at the Model National School, prize winners in the Write a Book Competition held by the Limerick Education Centre for budding writers in the Munster Region.

< Opposite right > Susie Minto, storyteller in residence in Corpus Christi School.

< Right > Colm O'Riain, composer/violinist, and Pireeni Sundaralingam, poet who performed 'Word & Violin' at Daghda Space, John's Square, during Cuisle Poetry Festival.

## Staitisticí

**Úsáid Leabharlainne 2006**

| | |
|---|---|
| Saincheisteanna: | 191,239 |
| Clárúcháin: | 10,481 |
| Seisiúin Ríomhaire Pearsanta & Idirlín: | 17,427 |
| Cuairteoirí: | 125,538 |

**Míreanna breise a cuireadh leis an Stoc**

| | |
|---|---|
| Ginearálta: | 23,509 |
| Scoileanna: | 6,583 |

## Imeachtaí Seirbhíse Ealaíon Chomhairle Cathrach Luimnigh 2006

**UnFringed**

Sheol Unfringed 2006 a chlár spreagúil éagsúil amharclainne ag Ionad Ealaíon an Belltable, 19 Eanáir. Bhí trí dhráma réaltógacha ann laistigh den chlár cuimsitheach. Bhain gach aon cheann de na léiriúcháin fíor-éagsúla úd ardmholadh ó léirmheastóirí agus luchtanna féachana araon ag Féilte ar an Imeall i nDún Éideann, Ceanada agus Prág. Ar an gcéad cheann acu a bhí *'The Ugly Duchess'*, arna scríobh ag an drámadóir gradamach Ceanadach Janet Munsil, monalóg a mhair ar feadh uair amháin arna aithris le Paul Terry, *AmerWrecka*, ar cuireadh síos air amhail 'Moulin Rouge agus Fahrenheit 911 fite fuaite trína chéile'. Bundráma arna scríobh agus stiúradh le J.D. Lewis. *Breakfast at Audrey's*, buaiteoir Scotsman Fringe First, gradam a bhfuil an-tóir air, ag Féile ar an Imeall i nDún Éideann i mbliana. *Mamuska Night* le Compántas Damhsa Daghdha, damhsa, físeán, filíocht, suiteáil agus taibhiú, ba é*Karl Spain* a thug an gníomh scoir na Féile Unfringed i mbliana a aithris.

**An 22ú Deireadh Seachtaine Kate O'Brien**

Ba é Deireadh Seachtaine Kate O'Brien a chuir tús le Féilire Cultúrtha an earraigh i mí Feabhra. Thug an 22ú bliain den deireadh seachtaine ómós don údar is cáiliúla den chathair nach maireann. *'Creative Impulse'* ab ea an téama i mbliana, arbh oiriúnach é do chathair atá ag gnóthú clú go tapa mar ionad cultúrtha cruthaitheach bríomhar, arna aithris le Dorothy Cross, arbh fhearr aithne in Éirinn uirthi dá 'Ghost Ship' a bhí feistithe i gcalafort Dhún Laoghaire. Os coinne Dorothy Cross in Subadassi, file agus scríbhneoir Búdaíoch a labhair um 'Creativity as a Art Form' ó thaobh na spioradáltachta de.

**Compántas Amharclainne Island – Under Milkwood le Dylan Thomas**

Insítear scéal sráidbhaile Bhreatnaigh chois cósta in Under Milk Wood, maille lena charachtar bríomhar inspéise agus is dráma greannmhar, corraitheach agus gleoite ar sheal a chéile é. Ghlac Myles Breen agus an t-ainmní don 'Aisteoir is Fearr' sna Irish Times Theatre Awards, Jon Kenny, páirt ní ba mhó ná 50 carachtar sa léiriúchán idir eatarthu, agus iad ag ceiliúradh an tsaoil, na beatha agus an ghrá sa saothar iontach seo.

**Fleadh Scannán Fresh**

Tháinig féile bhliantúil Luimnigh do dhaoine óga ar ais dá naoú bliain de spraoi na scannán. Áiríodh leis an gclár i mbliana ceardlanna agus idir teilgin ghnéscannáin agus gearrscannáin. D'athraigh Comórtas Scannáin Scoileanna na hÉireann ina Scannánóir Óg na Bliana d'Éirinn, ag léiriú na spéise atá ag fás i measc scannánóirí óga aonair agus seasamh Fresh Film mar an fhéile scannán is mó in Éirinn do dhaoine faoi bhun 18 mbliana.

< Left > Kate Clancy performing at the Music Factory, the Irish Chamber Orchestra's annual outreach programme at St. Mary's Cathedral.

< Right > The Arts Council invited Sheila Deegan Arts Officer LCC to Dublin in November 2006 to meet with the then Minister for Arts, John O'Donoghue and the Chairperson of The Arts Council Olive Braiden.

**ev⁺a, taispeántas den amharcealaín⁺ 2006**
ev⁺a 2006 ar smaointe an chineáltais, na comhroinnte, na cumarsáide, an idirchaidrimh agus an idirmhalartaithe shóisialta. Ba thaispeántas é *don* chathair agus b'fhéidir gur *faoin* gcathair féin é, cé nár bhain sé go heisiach léi.

**Ba í Cuisle, Féile Filíochta Idirnáisiúnta Chathair Luimnigh**
2006 an deichiú Féile Chuisle i gCathair Luimnigh, ina ndearnadh ceiliúradh ar an bhfeabhas áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta san fhilíocht féin. Reáchtáladh an fhéile i mí Dheireadh Fómhair le 20 file ó chúig thír éagsúla ag tabhairt cuairte uirthi.

Áiríodh leis an leagan amach d'fhilí náisiúnta agus idirnáisiúnta Adrian Mitchell, Naomi Foyle, Imtiaz Dharker, Christopher Meredith, Saeid Hooshangi, George Szirtes, Brendan Kennelly agus Maria Jaztrzębska.

Tharla ceithre sheoladh leabhair i rith na féile, agus gach teideal acu ina láithreacht spreagúil úr i réimse scríbhneoireachta liteartha na hÉireann, REVIVAL, The Stony Thursday, Surreal Man, Chapbook le Ciaran O'Driscoll agus nuashaothar Brendan Kennelly 'When Then is Now'. Cuireadh sraith léitheoireachtaí am lóin ar siúl ag Compántas Amharclainne Impact ar Shráid Uí Chonaill le héachtaí fhilí Luimnigh a cheiliúradh, lenar áiríodh saothar Tom Henihan, agus Tom Cunningham ar seoladh a leabhar nua Unequal Truths le linn na féile freisin.

D'fhill mac eile Luimnigh ar ár dtír don fhéile. Chuaigh an cumadóir/veidhleadóir Éireannach Colm O'Riain i meitheal leis an bhfile Srí Lancach Pireeni Sundaralingam leis an bhfilíocht agus an ceol a bhí le chéile i sraith dísréad inar taiscéalaíodh na hidirnaisc shaibhre idir go leor traidisiún liriciúil, lena n-áirítear bailéad na hÉireann agus raag na hIndia.

Chuir Susie Minto leanaí faoi dhraíocht i gCathair Luimnigh i rith na féile lena stíl uathúil scéalaíochta. Ba léir a gean do scéalta agus dá bhfuinneamh sna cineálacha scéalta - idir scéalta traidisiúnta agus finscéalta óna dúchas Albanach agus ó go leor cultúr an domhain, chomh maith le scéilíní agus scéalta spontáineacha díreach óna samhlaíochtsa.
Dúinne ar a mbíonn faitíos roimh an réimse stíleanna filíochta, bhí Gerry Hanberry i mbun ceardlainne ar *'How to Read Contemporary Poetry'*.

Rinne Luimneach ceiliúradh ar 25 bliain de nascadh leis an gcathair Fhrancach Quimper (Kemper) agus tugadh cuireadh don fhile ó Quimper Lionel Poiraudeau go dtí Cuisle d'fhonn ómós a thabhairt don ghaol sin, áit ar fheidhmigh sé le chéile le file Éireannach atá ina chónaí thall i bPáras, Derry O'Sullivan.

## Tionscadail Oideachasúla

**Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann**
D'oibrigh Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann i gcomhar le hOifig Ealaíon de chuid Chomhairle Cathrach Luimnigh i dtrí scoil i ndeisceart na cathrach. An cumadóir Elaine Agnew, ar maith léi ceol a scríobh ar ceol díreach é: geiteanna suaiteacha tobannach i gcodarsnacht le huigeachtaí agus monabhair dheasghnáthaíocha ciúine, d'oibrigh le Scoil Náisiúnta na Gallmhónra, Muire Banríon na Síochán, agus Muire Lourdes.

**Young ev+a**
Is amharcealaíontóir agus grianghrafadóir pobail mhór le rá í Anna Sherbany, le go leor blianta de thaithí oideachasúil aici ag forbairt tionscadal grianghrafadóireachta i gcomhpháirt le heagrais phobail agus forais oideachasúla sa Bhreatain agus go hidirnáisiúnta. Chaith sí 8 seachtaine i Luimneach ag obair le Gaelscoil Sáirséil agus Bunscoileanna Corpus Christi ar thionscadal dar teideal 'Photoworks'.

**Scríbhneoir Cónaitheach**
Thosaigh an scríbhneoir Susie Minto cónaitheacht 2 mhí i mBunscoil Corpus Christi i Maigh Rois. Agus spreagadh aici ó shaothar ealaíne sa Bhailiúchán Buan ag Gailearaí Ealaíne Chathair Luimnigh, ghríosaigh Susie an scéalaíocht le leanaí an 5ú rang, ag críochnú le léiriú scéalaíochta ag daltaí agus taispeántas i bhfoirm fhoilsiú a saothair chríochnaithe. Tá Bunscoil Corpus Christi ina scoil ainmnithe bheith faoi mhí-bhuntáiste le 307 dalta inti agus 28 múinteoir san iomlán ar an bhfoireann.

## % do Thionscadail Ealaíne

Rachaidh an dá faoin gcéad do thionscadail ealaíne ar aghaidh sa bhliain 2006.
Is iad seo Oileán an Gharráin leis an ealaíontóir Andrew Kearney agus Leabharlann Mhaigh Rois leis an ealaíontóir Seán Lynch.

**Maoiniú ón gComhairle Ealaíon arna leithdháileadh d'Eagrais Ealaíon Luimnigh 2006**
Iomlán €2,323,200

**Maoiniú Caipitiúil ón gComhairle Ealaíon arna bhronnadh ar Eagrais Ealaíon Luimnigh 2006**
Iomlán €244,313

## Músaem Cathrach Jim Kemmy

Cuireadh 181 mír úra le bailiúchán na hiarsmalainne i rith na bliana. Cinn suntasach ina measc a bhí: piostal Webley oifigigh RIC a gabhadh ag luíochán Dhrom Caoin, 1921; ceithre uaireadóir póca ó Luimneach an naoú céad déag le C. Cromer, Moser Brothers, R. Wallace agus Edward Moser; an bhratach ar bhain an Méara Casey leas aisti chun an chéad rás mótair i Luimneach a thosú, 1935; Airteagail Sibhialta Luimnigh, a foilsíodh thiar sa bhliain 1692; priontaí ón ochtú céad déag de William, Tiarna Blakeney Cho. Luimnigh, FP do Chill Mocheallóg 1727–56 agus d'Ard-Eaglais Naomh Muire, grianghraf de O'Brien & Doyle, Sráid Thomáis, ó fhoireann cruicéid Limerick Rovers, 1885, eagrán den Illustrated London News ina dtuairiscítear triail William Smith O'Brien, 1848, agus bailiúchán earraí cuimhneacháin de theilgcheárta Harrison Lee, lena n-áirítear bonn airgid don táirgeadh uirlisí talmhaíochta is fearr.

Bhí 972,720 amas ar an gcatalóg ar líne i rith na bliana, ag teacht go dtí níos mó ná dhá mhilliún ón seoladh i mí an Mheithimh 2004, agus fuarthas fiosruithe agus moltaí ríomhphoist ó fud an domhain.

Fuarthas deontas ón gComhairle Oidhreachta i dtreo athchóiriú an phictiúir, The New Bridge ag Luimneach le Samuel Brocas, c. 1820. Ba é 13,775 líon iomlán na gcuairteoirí.




**'The Government and the People of Limerick. The History of Limerick Corporation / City Council 1197 - 2006' written by Matthew Potter LCC and produced by Limerick City Council.**

# COMMUNITY & ENTERPRISE
# POBAL & FIONTAR

## Limerick City Development Board

Following extensive technical development over the past eighteen months, the Social Inclusion Measures (SIM) Database www.limericksim.com was launched. The database is a web-based directory that furnishes key information about local social inclusion measures, including the wide range of services and target groups provided by community and voluntary organisations throughout the city.

As part of the City Development Board's responsibility in endorsing the work plans of community and local development agencies, the Social Inclusion Measures Group initiated a process involving three phases in 2006. Each agency submitted a written reply to a questionnaire based on six progress indicators such as employment, service delivery, transparency, coordination, facilities/infrastructure, and participation. Contact teams met with the ten local development agencies involved to detail actions implemented during the previous twelve months. Feedback from the joint measures was collated by the SIM Group and recommendations in turn presented to the City Development Board for endorsement.

A *Comhairle na Nóg* event was organised in February at Limerick Institute of Technology and during November in City Hall. Over eleven schools and youth organisations participated. Six delegates were selected to represent Limerick City nationally.

As part of the *European Year of Citizenship through Education* a local awards event was held in City Hall, where Mayor Diarmuid Scully presented the Limerick City nominees with certificates in recognition of active citizenship projects such as environmental work, caring for people with disabilities or special needs, or affirming diversity. Group certificates were presented to the 'Green Schools Committee' in Laurel Hill Secondary School and the 'Junior Leadership Group' from Ballinacurra Weston, Southill and Garryowen. Individual awards were presented to Jacinta Kelly, Louise Hayes, Stephanie McKnight, Suzanne Dillon and Stephanie Bourke.

In March the City Development Board in cooperation with Limerick County Development Board hosted a *Race Against Waste* environmental awareness seminar in the Castletroy Park Hotel. The seminar provided representatives with a guide on how to reduce reuse and recycle their waste and how to manage waste better.

Limerick's tradition of volunteerism was further recognised with the launch of the volunteering website *www.volunteerlimerick.com* by Mr Eamon O Cuív, Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs. In association with the Limerick City Community Forum, planning stages for a 'Volunteer Fair' event to promote the achievements of volunteerism in Limerick were advanced during the year. The Fair is an opportunity for voluntary groups to raise their profile and showcase their activities. As part of the *'Where Credit is Due'* volunteering initiative a grants scheme was also initiated for the first time in 2006 and awards were approved for over thirty applications.

Funding was secured by the City Development Board and the VEC to further develop Limerick as a *City of Learning*. A brief for a facilitator was drafted and terms were agreed during the latter part of the year.

A grant of €78,596 was received from DCRGA towards the appointment of a Co-ordinator to implement the Limerick City Local Anti-Poverty Strategy. In September the Board agreed that the appointment would be facilitated by PAUL Partnership as the employer.

An operational review of the Limerick City Community Forum was completed during the year which resulted in a radical overhaul of existing structures and the bolstering of key linkages with local decision-making bodies, including the Strategic Policy Committees. A fulltime Development Worker for the Limerick City Community Forum was appointed during the summer.

Following the establishment by the Government of a Task Force on *Active Citizenship*, a local consultation process led by the Community Forum on behalf of the City Development Board was undertaken to elicit views on what measures might be undertaken to support, encourage and promote citizenship in Ireland. Some of the issues highlighted included the need for greater consultation and meaningful opportunities for civic participation.

A member of Limerick's Street Ambassador Team

Launch of Shannon Development American Radio Studio

## Limerick City Childcare Committee

2006 saw the conclusion of the Limerick City Childcare Committee Strategy developed for the period from 2000–2006. While continuing to implement the Committee's core actions throughout 2006 in the areas of Social Inclusion, Equality and Diversity, Information, Training, Networking, Capacity Building and Childminding the Childcare Committee turned it's attention to the development of a post 2006 city wide childcare strategy.

To this end two major pieces of research were commissioned. The first initiative – a Childcare Supply and Demand Audit followed on directly from work undertaken by the Limerick City Childcare Committee, in partnership with the Limerick City Enterprise Board, during 2005 to identify the difficulties, barriers and obstacles faced by childcare providers in developing, delivering and sustaining a childcare service.

**The final report draws together four pieces of work:**

- A Review of Early Childhood Care and Education (ECCE) Policy within Ireland, which considers key legislative, and policy initiatives over the last decade and their impact on childcare development.
- An overview of the results of a Parent's Survey undertaken in early summer 2006, to which 83 parents responded, reasonably evenly distributed across the City, and with an even split between those accessing private sector and community-based provision.
- Details from a Provider's Survey distributed to 64 childcare providers (community and private) offering a childcare service in Limerick City during the first week in June 2006. A full response (completed questionnaire) was received from 76% of providers with partial information provided by another seven.
- Addresses interviews with members of Limerick City Childcare Committee conducted by SIS in the summer of 2006.

In addition, following the launch of the National Childcare Investment Programme (NCIP) 2006–2010 as a successor to the Equal Opportunities Childcare Programme (EOCP) 2000–2006, the Childcare Committee undertook a strategic mapping exercise specifically to

- Identify any gaps in childcare provision and to ensure that proposed childcare development is located within areas of need and in accordance with any gaps identified

A primary objective of the Limerick City Childcare Strategy 2000–2006 has been to ensure that childcare is accessible to all sectors of the community. A major success of EOCP has been an increase in childcare places in Limerick City and County. The Childcare Committees are anxious that these childcare services will survive into the future and from the perspective of LCCC that:

- The level of childcare provision matches the need for childcare within the city and county.
- All parents can access affordable quality childcare services.
- Children have access to quality childcare provision.

It is hoped that these initiatives will inform the development of a comprehensive, need lead Childcare Strategy for Limerick City spanning the period from 2007 to 2010.

## Bord Forbartha Chathair Luimnigh

Seoladh Bunachar Sonraí na mBeart Cuimsitheachta Sóisialta (SIM) www.limericksim.com tar éis forbairt theicniúil fhairsing le hocht mí dhéag anuas. Is eolaire gréasán-bhunaithe é an bunachar sonraí a thugann eochair-eolas i leith beart cuimsitheachta sóisialta áitiúla, lena n-áirítear réimse leathan seirbhísí agus spriocghrúpaí arna soláthar ag eagrais phobail agus deonacha ar fud na cathrach.

Thionscain an Grúpa Beart Cuimsitheachta Sóisialta próiseas lenar bhain trí chéim sa bhliain 2006 mar chuid d'fhreagracht an Bhoird Forbartha Cathrach d'fhonn pleananna oibre na ngníomhaireachtaí pobail agus forbartha áitiúla a fhormhuiniú. Chuir gach aon ghníomhaireacht freagra scríofa isteach ar cheistneoir a bhí bunaithe ar sé tháscaire um dhul chun cinn ar nós na fostaíochta, an tseachadta sheirbhíse, na trédhearcachta, an chomhordaithe, saoráidí/bonneagair, agus an rannpháirteachais. Bhuail foirne teagmhála leis na deich ngníomhaireacht forbartha a bhí bainteach leis, chun gníomhartha a mhionsonrú ar cuireadh i bhfeidhm iad le dhá mhí dhéag anuas. Thiomsaigh an Grúpa SIM an t-aiseolas ó na comhbhearta, agus cuireadh na moltaí faoi bhráid an Bhoird Forbartha Cathrach lena fhormhuiniú ar a sheal féin.

Eagraíodh imeacht Comhairle na nÓg i mí Feabhra ag Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus le linn mhí na Samhna laistigh de Halla na Cathrach. Ghlac ní ba mhó ná aon scoil agus eagras óige dhéag rannpháirt inti. Roghnaíodh seisear toscairí le bheith mar ionadaí náisiúnta do Chathair Luimnigh.

Reáchtáladh imeacht do ghradaim áitiúla laistigh de Halla na Cathrach mar chuid de Bhliain Eorpach na Saoránachta trí mheán an Oideachais, mar ar bhronn Méara Diarmuid Scully teastais ar ainmnithe Chathair Luimnigh mar aitheantas ar thionscadail na saoránachta gníomhaí ar nós na hoibre comhshaoil, an chúraim do dhaoine le míchumais nó sainéilimh, nó dearbhú na héagsúlachta. Tugadh teastais ghrúpa do 'Choiste na Scoileanna Glasa' in Iar-bhunscoil Laurel Hill agus an 'Grúpa Ceannaireachta Sóisearaí' ó Bhéal Átha na Cora Weston, An Cnoc Theas agus Garraí Eoin. Bronnadh gradaim ar leithligh ar Jacinta Kelly, Louise Hayes, Stephanie McKnight, Suzanne Dillon agus Stephanie Bourke.

Rinne an Bord Forbartha Cathrach óstáil i gcomhar le Bord Forbartha  Chontae Luimnigh seimineár feasachta comhshaoil mar chuid den Rás in aghaidh na Dramhaíola in Óstán Pháirc Chaladh an Treoigh. Soláthraíodh treoir d'ionadaithe tríd an seimineár faoi conas a gcuid dramhaíola a laghdú, a athúsáid agus a athchúrsáil agus faoi conas an dramhaíl a bhainistiú níos fearr.

Tugadh tuilleadh aitheantais do thraidisiún saorálaíochais Luimnigh le seoladh an láithreáin ghréasáin um shaorálaíochas www.volunteerlimerick.com leis an Uas. Éamon Ó Cuív, An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Cuireadh ar aghaidh i gcaitheamh na bliana na céimeanna pleanála i gcomhair 'Aonaigh Shaorálaíochais' le héachtaí an tsaorálaíochais i Luimneach a chur chun cinn, i gcomhar le Fóram Pobail Chathair Luimnigh. Is deis é an tAonach do ghrúpaí deonacha a bpróifíl a ardú agus a gcuid gníomhaíochtaí a thaispeáint. Tionscnaíodh scéim deontas 'Where Credit is Due' mar chuid den tionscnamh saorálaíochais freisin den chéad uair sa bhliain 2006 agus ceadaíodh gradaim do ní ba mhó ná tríocha iarratas.

Fuair an Bord Forbartha Cathrach agus an Coiste Gairmoideachais cistiú le Luimneach a fhorbairt a thuilleadh marChathair an Léinn. Dréachtaíodh sainchúram d'éascaitheoir agus aontaíodh ar théarma le linn an dara cuid den bhliain.

Fuarthas deontas €78,596 ón CRGA i dtreo cheapadh Comhordaitheora le Straitéis Áitiúil Frith-Bhochtaine de chuid Chathair Luimnigh a chur chun feidhme. D'aontaigh an Bord i mí Mheán Fómhair go n-éascófaí don cheapachán le Comhpháirtíocht PAUL mar an fostóir.

Tugadh  athbhreithniú oibriúcháin i leith Fhóram Pobail Chathair Luimnigh chun críche le linn na bliana as ar tháinig forchóiriú ó bhonn de na struchtúir dá bhfuil ann agus treisiú na n-eochairnascálacha leis na comhlachtaí cinnteoireachta, lena n-áirítear Coistí Beartais Straitéisigh. Ceapadh Oibrí Forbartha

lánaimseartha d'Fhóram Pobail Chathair Luimnigh i rith an tsamhraidh.

Tar éis don Rialtas Tascfhórsa a bhunú ar Saoránacht Ghníomhach, bhí próiseas comhairliúcháin ann curtha ar siúl ag Fóram Pobail thar ceann Bord Forbartha na Cathrach le tuairimí a mhúscailt ar na bearta go m'fhéidir a bheith ann chun saoránacht a thacú, a spreagadh agus a chothú in Éirinn. Cuireadh béim ar roinnt ceisteanna lena n-áirítear an gá atá ann le comhairliúcháin níos fearr agus deiseanna suntasacha le haghaidh rannpháirtíocht sibhialta.

## Coiste Cúraim Leanaí Chathair Luimnigh

Chonacthas Straitéis Choiste Cúraim Leanaí Chathair Luimnigh ag teacht chun conclúide sa bhliain 2006, a forbraíodh don tréimhse idir 2000 - 2006. Agus croí-ghníomhartha an Choiste á gcur chun feidhme ar fud na bliana 2006 i limistéir na Cuimsitheachta Sóisialta, an Chomhionannais agus na hÉagsúlachta, na Faisnéise, na hOiliúna, an Líonraithe, na Tógala Toillidh, na Feighlíochta Leanaí; dhírigh an Coiste Cúraim Leanaí a aird ar fhorbairt straitéise cúraim leanaí ar fud na cathrach tar éis na bliana 2006.

Coimisiúnaíodh dhá shaothar taighde mhóra chun na críche sin. Lean an chéad tionscnamh - Iniúchadh Soláthair agus Éilimh um Chúram Leanaí go díreach ó shaothar a chuaigh Coiste Cúraim Leanaí Chathair Luimnigh ina bhun, i gcomhpháirt le Bord Fiontair Chathair Luimnigh, le linn na bliana 2005 d'fhonn na deacrachtaí, bacainní agus constaicí atá os comhair soláthraithe cúraim leanaí a aithint agus iad ag forbairt, ag seachadadh agus ag cothabháil seirbhíse cúraim leanaí.

**Tarraingíonn an tuarascáil deiridh le chéile ceithre shaothar:**

- Athbhreithniú um Beartas Cúraim agus Oideachais Luath-Óige in Éirinn (ECCE), ina meastar eochairthionscnaimh reachtaíochta agus beartais le deich mbliana anuas agus an tionchar a bhí acu ar fhorbairt cúraim leanaí.
- Achoimre de na torthaí ó Shuirbhé i measc Tuismitheoirí a ndeachthas ina mbun go luath i samhradh na bliana 2006, ar fhreagair 83 tuismitheoir dó, arna leithdháileadh go réasúnach cothrom ar fud na Cathrach féin, agus comhroinnt chothrom ann idir iad siúd ag fáil rochtana ar sholáthar earnála príobháidí agus pobal-bhunaithe.
- Mionsonraí ó Shuirbhé Soláthraí arna leithdháileadh le 64 soláthraí cúraim leanaí (pobal agus príobháideach) a thairgíonn seirbhís cúraim leanaí laistigh de Chathair Luimnigh le linn an chéad seachtain de mhí an Mheithimh 2006. Fuarthas freagra iomlán (ceistneoir comhlánaithe) ó 76% de na soláthraithe, le heolas neamh-iomlán á sholáthar ag seachtar eile.
- Tugann aghaidh ar agallaimh le baill de Choiste Cúraim Leanaí Chathair Luimnigh arna stiúradh ag SIS i samhradh na bliana 2006.

Ina theannta sin, chuaigh an Coiste Cúraim Leanaí i mbun cleachtaidh léarscáilithe straitéisigh tar éis seoladh an Chláir Náisiúnta um Infheistíocht sa Chúram Leanaí (NCIP) 2006 - 2010 mar chomharba don Chlár Cúraim Leanaí do Chomhionannas Deiseanna (EOCP) 2000 - 2006, a bhain go sonrach le

- haon bhearna sa soláthar cúraim leanaí a aithint agus chun a chinntiú go mbíonn an fhorbairt cúraim leanaí mholta suite laistigh de limistéir éilimh, agus de réir aon bhearna a aithníodh

Ba phríomhchuspóir de Straitéis Cúraim Leanaí Chathair Luimnigh 2000 - 2006 é chun a chinntiú go mbíonn an cúram leanaí inrochtana do gach earnáil den phobal. Ba rathúil go mór an méadú um spásanna cúraim leanaí i gCathair agus Contae Luimnigh don EOCP. Tá na Coistí Cúraim Leanaí ag súil go mairfidh na seirbhísí cúraim leanaí sin ar aghaidh sa todhchaí agus i dtuairim CCCL:

- Go meaitseálann an leibhéal soláthair chúraim leanaí an t-éileamh do chúram leanaí laistigh den chathair agus contae.
- Gur féidir le gach tuismitheoir rochtain a fháil ar sheirbhísí cúraim leanaí inacmhainne d'ardcháilíocht.
- Go mbíonn rochtain ag leanaí ar sholáthar cúraim leanaí d'ardcháilíocht.

Táthar ag súil go múnlóidh na tionscnaimh sin forbairt Straitéise Cúraim Leanaí ar cuimsitheach agus faoi threoir éileamh í do Chathair Luimnigh ag cuimsiú na tréimhse idir 2007 agus 2010.

# RECREATION & SPORT
# ÁINEAS & SPÓRT

## Key Highlights of 2006

- Additional floral stands placed in O' Connell Street and Lower Shelbourne Road.
- Restoration of the second shelter in the Peoples Park completed, in conjunction with Limerick Civic Trust, and the surrounding area landscaped.
- Landscaping scheme commenced on all major approach roads to the city.
- Tree planting in Mayorstone Park completed.
- Substantial quantity of plants raised in the Mill Road Nursery for subsequent planting out in the city.
- Annual grass cutting, tree planting and pruning programme completed.

Thinning and clearance of invasive scrub, additional tree planting, and construction of path completed at Corbally Woods. This work was grant aided by the Forest Service, Department of Agriculture and Food.

New wet pour safety surfacing installed in the Peoples Park Playground, Pery Square. This was grant aided under the Local Authorities Playground Grants Scheme 2005.

Third *Limerick Looking Good* Environment Competition held. Main categories were Best Residential Area, Best Urban Village, Best City Street and Best Kept Residential Front Garden.

Three Special Category winners in the National City Neighbourhoods 2006 Competition; Eves, Roches Street; Crossagalla Business Park & Enterprise Centre and the Woodfield House Hotel.

33 groups/organisations allocated grants under the Environmental Improvement Initiatives Grants Scheme, 2006.

A total of €390,000 in grants provisionally allocated towards redevelopment works at Rathbane Golf Course, €300,000 under the 2006 Sports Capital Grants Programme.

A total of €130,000 in grants provisionally allocated towards the development of an old tennis court area to artificial surface for basketball and soccer at St. Enda's Sports Complex, €100,000 under the 2006 Sports Capital Grants Programme.

## Cemeteries

The three cemeteries: Mount St. Lawrence, Mount St. Lawrence extension and Mount St. Oliver, were maintained to their usual high standard in 2006.

A section of pathway in Mount St. Lawrence Extension was renewed in 2006.

160 grave spaces were developed in Block 26 in Mount St. Oliver and 105 spaces developed inside the entrance to Mount St. Lawrence Extension.

Number of Burials 2006: Mt. St. Lawrence – 196, Mt. St. Oliver – 234

< L to r > Caretakers - John Hayes, Flan Haskett, Tom Sheehy, Patrick O'Grady

Albert Browne
The Peoples Park

St. Mary's Park community artist, Karen Ryan, painting a mural on the wall of the Handball Alley.

Launch of Limerick City Sports Partnership Directory by Mayor Cllr. Scully.

## Buaicphointí Páirceanna, Áineasa agus Spóirt

- Seastáin bhláthacha breise curtha ar Shráid Uí Chonaill agus Bóthar Shíol mBroin Íochtarach.
- Athchóiriú an dara scáthlán i bPáirc an Phobail curtha i gcrích, i gcomhar le hIontaobhas Sibhialta Luimnigh, agus tírdhreachú an limistéir máguaird.
- Tosú na scéime tírdhreachaithe ar gach mórbhóthar i dtreo na cathrach.
- Plandú crann críochnaithe i bPáirc Mayorstone.
- Cainníocht shubstainteach plandaí tógtha i bPlandlann Bhóthar Bhaile an Mhuilinn lena gcur ina dhiaidh sin lasmuigh den chathair.
- Clár gearrtha féir, curtha agus sciota crann curtha i gcrích.

Tanúchán agus glanadh na scrobarnaí ionsaithí, plandú breise crann, agus tógail cosáin críochnaithe ag Coillte Chorrbhaile. Fuair an obair sin cabhair deontais ón tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn Talmhaíochta agus Bia.

